An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority



# Tuarascáil Bhliantúil 2020

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

## MISEAN

Is é misean an Údaráis, trí úsáid a bhaint as rialú, Soláthraithe Seirbhísí Maoine (Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta) a cheadúnú, a mhaoirsiú agus a rialáil agus cosaint a thabhairt do leasanna an phobail ina n-idirghníomhaíocht le soláthraithe seirbhísí maoine trína chinntiú go gcuirtear ardchaighdeáin ar fáil agus go gcloítear leis na hardchaighdeáin sin.

## LUACHANNA

### LEAS AN PHOBAIL

Tá an tÚdarás tiomanta dá fheidhmeanna a chomhlíonadh go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail.

### RIALACHAS

Tá an tÚdarás tiomanta do chaighdeáin arda rialachais agus ionracais a chomhlíonadh, agus dá ghnó a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach.

### COMHRÉIREACHT

Rialaíonn an tÚdarás go comhréireach trí acmhainní a dhíriú ar réimsí riosca.

### COMHAIRLIÚCHÁN

Tá an tÚdarás tiomanta do chomhoibriú lena pháirtithe leasmhara i dtaca le cur i bhfeidhm agus forbairt leanúnach a fheidhmeanna reachtúla.

### TIOMANTAS DON FHOIREANN

Tá an tÚdarás tiomanta do thacaíocht a thabhairt dá fhoireann lena spriocanna straitéiseacha a chomhlíonadh agus le gairmeacha fiúntacha a fhorbairt laistigh den eagraíocht.

## Clár


Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach ....................2

2020 Athbhreithniú ar an mBliain ....................3

Eolas Fúinn....................4

Cad a Dhéanaimid....................4

Bord agus Coistí an Údaráis ....................5

Comhaltaí an Bhoird....................7

Breithniú ar Thuarascálacha Imscrúduithe Críochnaitheacha ....................8

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ....................8

An Coiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh ....................8

An Plean Straitéiseach....................9

Dul Chun Cinn maidir le Spriocanna Straitéiseacha ....................11

Sprioc 1 – Córas Éifeachtach Ceadúnúcháin a Chothabháil....................11

Sprioc 2 – Córas Imscrúdaithe agus Breithnithe a Chothabháil....................15

Sprioc 3 – Rannpháirtíocht Earnála agus Eolas an Phobail faoin Údarás a Chur Chun Cinn....................27

Sprioc 4 – Na Cláir Phoiblí a Chothabháil ....................29

Sprioc 5 – Eagraíocht Éifeachtach agus Éifeachtúil a Chur ar Fáil....................31

Aguisín 1 - Ráitis Airgeadais Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 .................... 39

Aguisín 2 - Ráitis Airgeadais - Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine .................... 60

## Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

**Is cúis áthais dúinn tuarascáil bhliantúil 2020 an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) a chur i láthair. Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo léargas ginearálta ar ghníomhaíochtaí agus ar aschuir an Údaráis i rith na bliana.**

Beidh cuimhne ar an mbliain 2020 mar gheall ar an mbealach a ndeachaigh Covid-19 i bhfeidhm ar shaol gach aon duine againn. Bhí dúshláin go leor i gceist, lena n-áirítear athrú ar an gcaoi a oibrímid agus ar an mbealach inar chuir an tÚdarás a fheidhmeanna reachtúla i bhfeidhm.

Tar éis treoir ón Rialtas gur cheart, nuair ab fhéidir, éascaíocht a dhéanamh do dhaoine oibriú go cianda má bhí siad in ann, d'éirigh leis an Údarás cianobair a eagrú do gach ball foirne. Chinntigh an t-éacht sin go raibh an fhoireann sábháilte i gcónaí agus go raibh na huirlisí riachtanacha acu chun leanúint ar aghaidh ag cur ár seirbhísí ar fáil agus ag déileáil le SSM (Soláthraithe Seirbhísí Maoine) ceadúnaithe agus leis an bpobal.

Chun a chinntiú go gcuirfí ár bhfeidhmeanna reachtúla ar fáil gan bhac le linn na paindéime, tugadh isteach roinnt athruithe a d'éiligh leasuithe reachtacha, lena n-áirítear leasuithe ar na Rialacháin maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla (ASG) agus Ceadúnúchán le go bhféadfaí síneadh ceithre mhí a chur leis na dátaí d'athnuachan ceadúnúchán. Rinneadh leasú freisin ar na rialacháin maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) le go bhféadfaí FGL a chur ar fáil go hiomlán ar líne. Bhog an tÚdarás chuig próiseas iniúchóireachta cianda ar líne freisin, chun a mhaoirseacht ar an earnáil a chinntiú agus chun leanúint le rannpháirtíocht le SSM ceadúnaithe.

Chomh maith le próisis oibre a bhainistiú go héifeachtach i gcaitheamh na paindéime, lean an tÚdarás air ag comhlíonadh a ról laethúil agus ag tabhairt aghaidh ar a chuspóirí straitéiseacha. Chuir an tÚdarás críoch le cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach 2017-2020 i Meán Fómhair 2020. I measc phríomhéachtaí an Phlean bhí óstáil chéad chomhdháil an Údaráis, foilsiú tuarascáil taighde neamhspleách "The Impact of Regulation on the Property Services Sector in Ireland", tús le FGL do SSM ceadúnaithe agus cur i bhfeidhm córas ceadúnaithe ceann ceann ar líne do gach cineál iarratas ar cheadúnas. Tar éis chur i gcrích an Phlean Straitéisigh seo, d'fhoilsigh an tÚdarás a thríú Plean Straitéiseach 2020-2023 ina leagtar amach cuspóirí straitéiseacha uaillmhianacha maidir le leanúint le feabhas a chur ar ghairmiúlacht na hearnála agus tomhaltóirí agus an pobal a chosaint.

Rud faoi leith a bhí suntasach don Údarás in 2020 ba ea tosach feidhme Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Caighdeáin Íosta) 2020, a shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee Uasal, i mí na Samhna. Foráiltear leis na Rialacháin seo caighdeáin bhreise a bheidh le comhlíonadh ag SSM ceadúnaithe maidir le soláthar seirbhísí maoine, ag cur leis an sainmhíniú ar 'iompar míchuí' agus na nithe is féidir leis an tÚdarás a imscrúdú go foirmiúil. Mar fhorbairt bhreise ar chur chun cinn na gcaighdeán gairmiúil, cheadaigh an Bord Cód Cleachtais bunaithe ar phrionsabail do SSM. Tacaíonn na prionsabail a dtugtar aghaidh orthu sa Chód seo le soláthar seirbhísí gairmiúla ag gach SSM.

In 2020, tugadh chun críche téarmaí an Chathaoirligh agus bheirt chomhaltaí a bhí ar Bhord an Údaráis ó bunaíodh é in Aibreán 2012. Ina theannta sin, d'éirigh an comhalta a bhí ainmnithe ag an Aire as an mBord chun tabhairt faoi phost nua. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun buíochas ó chroí a ghabháil leo as a seirbhís, a bhfís agus a dtiomantas.

Is mór againn freisin ionchur chomhaltaí seachtracha na gCoistí, chomhaltaí an Fhóraim, SSM Ceadúnaithe agus a bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara go léir.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn buíochas agus aitheantas a thabhairt d'fhoireann an Údaráis as a dtiomantas leanúnach chun torthaí ar ardchaighdeán a bhaint amach don eagraíocht. Bhí an bhliain seo deacair ar an bhfoireann ar fad. Ach, d'uireasa a misneach, a dteacht aniar agus a ndearcadh dearfach, ní bheadh ar chumas an Údaráis na héilimh bhreise oibre, a tháinig chun cinn mar gheall Covid-19, a chomhlíonadh.



**Michael Quinlan**
***Cathaoirleach***



**Maeve Hogan**
***Príomhfheidhmeannach***



# Eolas Fúinn

**Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) ar an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (an tAcht) agus is é an comhlacht reachtúil é a bhfuil freagracht air as an earnáil seirbhísí maoine in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil.**

Foráiltear leis an Acht lena mbunaítear an tÚdarás do cheadúnú roinnt catagóirí de sholáthraithe seirbhísí maoine (SSM) eadhon:

- **Ceantálaithe**
  - Daoine a bhíonn ag gabháil do mhaoin, seachas talamh, a chur ar ceant (Catagóir Cheadúnais A)
- **Gníomhairí Eastáit**
  - Daoine atá ag gabháil do cheannach nó do dhíol talún ar cibé modh (Catagóir Cheadúnais B)
- **Gníomhairí Ligin**
  - Daoine atá ag gabháil do ligean talún (Catagóir Cheadúnais C)
- **Gníomhairí Bainistíochta**
  - Daoine a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta maoine a sholáthar thar ceann Comhlachtaí Bainistíochta (Catagóir Cheadúnais D).

Is í Maeve Hogan Uasal Príomhfheidhmeannach an Údaráis agus tá a cheanncheathrú lonnaithe san Uaimh, Co. na Mí, agus tá an dara hoifig i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 2. Ag deireadh 2020, mar aon le Príomhfheidhmeannach an Údaráis, bhí 30.8 ball foirne ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine (ÚRSM).

# Cad a Dhéanaimid

**Cuireann an tÚdarás cuspóirí an Achta i bhfeidhm agus oibríonn sé lena chinntiú go gcomhlíonann na daoine sin atá ceadúnaithe chun seirbhísí maoine a sholáthar ar na caighdeáin is airde maidir le soláthar seirbhíse agus go dtugtar cosaint iomlán do thomhaltóirí.**

Áirítear ar phríomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (i.e. Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);
- Córas cuimsitheach ceadúnúcháin a oibriú a chlúdaíonn gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;
- Caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú maidir le ceadúnais a cheadú do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin oideachais/ oiliúna; leibhéil árachais slánaíochta gairmiúla), agus; caighdeáin atá le comhlíonadh agus seirbhísí maoine á gcur ar fáil ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (e.g. caighdeáin theicniúla; caighdeáin iomchuí eiticiúla);
- Córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán i gcoinne Soláthraithe Seirbhísí Maoine a riar;
- Córas imscrúdaithe caighdeán maidir le soláthar seirbhísí maoine a riar;
- Cosaint mhéadaithe do thomhaltóirí agus eolas an phobail a chur chun cinn maidir le soláthar seirbhísí maoine;
- Ciste Cúitimh a chothabháil agus a riar;
- Cód Cleachtais do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine a fhorbairt;
- Clár Poiblí de Phraghsanna Díolacháin Maoin Chónaithe; Bunachar Sonraí de Léasanna Tráchtála; Clár Poiblí de Sholáthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe a chothabháil;
- Gníomhú mar Údarás Inniúil an Stáit ar Sciúradh Airgid don earnáil seirbhísí maoine;
- Cuidiú leis an Aire polasaí a fhorbairt maidir leis an earnáil a rialáil;
- Tionscadail taighde a chur i gcrích nó a choimisiúnú.



# Bord an Údaráis

**Cathaoirleach agus deichniúr comhaltaí atá ar Bhord an Údaráis, agus is é an tAire Dlí agus Cirt a cheapann iad go léir.**

Déanann an Bord maoirseacht éifeachtach ar chur i bhfeidhm fheidhmeanna reachtúla an Údaráis.

Agus é nó í ag ceapadh comhalta chuig an Údarás faoin Acht, ní mór don Aire Dlí agus Cirt aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá eolas nó taithí na gcomhaltaí ar ghnóthaí tomhaltóirí, gnó, airgeadais, bainistíochta nó riaracháin nó ar aon ábhar eile a bheadh, i dtuairim an Aire, ina chabhair don Údarás agus a fheidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh aige. Ní mór don Aire freisin, a mhéid is indéanta, cothromaíocht chuí idir fir agus mná a chinntiú i gcomhdhéanamh an Údaráis. Tá cur chun cinn na héagsúlachta agus an chuimsithe, lena n-áirítear maidir le hinscne, ar cheann de phríomhchúraim an Aire agus é nó í ag ceapadh comhaltaí ar an mBord.

Tá an tÚdarás neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid feidhmeanna agus bhí sé faoi chathaoirleacht Geraldine Clarke Uasal, Dlíodóir, go dtí gur chríochnaigh a téarma oifige ar an 27 Samhain 2020. Tá an Bord comhdhéanta de chomhaltaí ó earnáil na seirbhísí maoine, ionadaithe leasa tomhaltóirí agus oifigeach de chuid an Aire.

Ar an 27 Samhain 2020, tháinig deireadh le téarmaí oifige thriúr de chomhaltaí an Údaráis. Bhí na comhaltaí sin, Geraldine Clarke Uasal, an tUasal Paul Mooney agus an tUasal Edward Carey ar Bhord an Údaráis ó bunaíodh é in 2012. Athcheapadh triúr comhaltaí Boird eile, an Dr Muiris O'Ceidigh, an Dr. Aideen Hayden agus Hilary Griffey Uasal, don dara téarma ar an 28 Samhain 2020. D'éirigh an tUasal Martin McDermott as an mBord ar an 24 Meitheamh 2020.

Bhí cothromaíocht chuí idir fir agus mná ar Bhord an Údaráis go dtí gur chríochnaigh téarmaí oifige triúr comhaltaí den Bhord i dtreo dheireadh 2020. Beidh cothromaíocht inscne le cur san áireamh ag an Aire agus ceapacháin nua á ndéanamh do na poist sin, chomh maith leis an bhfolúntas a d'fhág ionadaí an Aire le linn 2020. Ag deireadh na bliana, bhíothas ag fanacht le ceithre cheapachán chuig Bord an Údaráis.


Tháinig Bord an Údaráis le chéile sé huaire le linn 2020. Tugtar léargas sa tábla thíos ar na comhaltaí, ar a ról, eolas faoina gceapachán agus ar an líon cruinnithe ar fhreastail gach comhalta orthu i rith na bliana

| Comhalta Boird | Ról | Téarma Ceapacháin | Cruinnithe ar fhreastail siad orthu |
|---|---|---|---|
| Geraldine Clarke | Cathaoirleach | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |
| Emer Byrne | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 6 |
| Edward Carey | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |
| Ella Dunphy | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 6 |
| Hilary Griffey | Comhalta | 28/11/2020 - 27/11/2024** | 5 |
| Aideen Hayden, Dr. | Comhalta | 28/11/2020 - 27/11/2024** | 6 |
| Gordon Hughes | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 5 |
| Martin McDermott | Comhalta | 04/06/2019 – 24/06/2020* | 3 |
| Paul Mooney | Comhalta | 28/11/2016 - 27/11/2020 | 6 |
| Orla Moran | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023 | 6 |
| Muiris O'Ceidigh, Dr. | Comhalta | 28/11/2020 - 27/11/2024** | 6 |

*D'éirigh as an mBord ar an 24 Meitheamh 2020
** Athcheaptha ag an Aire



## COMHALTAÍ AN BHOIRD


Gearaldine Clarke Uasal


Emer Byrne Uasal


An tUasal Edward Carey


Ella Dunphy Uasal


Hilary Griffey Uasal



An Dr. Aideen Hayden


An tUasal Gordon Hughes


An tUasal Martin McDermott


An tUasal Paul Mooney


Orla Moran Uasal


An Dr. Muiris O'Ceidigh

## Breithniú ar na Tuarascálacha Imscrúduithe Críochnaitheacha

I rith 2020, chuir an Fheidhmeannacht dhá thuarascáil ar imscrúdú críochnaitheach faoi bhráid an Údaráis lena mbreithniú. Maidir leis an gcéad tuarascáil, tháinig córam an Bhoird le chéile, faoi chathaoirleacht Emer Byrne Uasal, ar ócáid amháin chun an tuarascáil a bhreithniú. Bhí an t-ábhar fós beo ag deireadh na bliana. Maidir leis an dara tuarascáil, tháinig córam an Bhoird le chéile faoi dhó, faoi chathaoirleacht an Dr Muiris O'Ceidigh, chun breithniú a dhéanamh ar an tuarascáil. Bhí an t-ábhar seo freisin fós beo ag deireadh na bliana. Tugtar sonraí thíos faoi fhreastal na gcomhaltaí ag na cruinnithe sin faoi seach.

| Comhaltaí an Údaráis | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| Emer Byrne (Cathaoirleach) | 1 |
| Edward Carey | 1 |
| Orla Moran | 1 |
| An tUasal Gordon Hughes | 1 |
| An Dr. Muiris O'Ceidigh | 1 |

| Comhaltaí an Údaráis | Cruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|
| An Dr Muiris O'Ceidigh (Cathaoirleach) | 2 |
| An tUasal Paul Mooney | 2 |
| Ella Dunphy Uasal | 2 |
| Hilary Griffey Uasal | 2 |
| An Dr. Aideen Hayden | 2 |

## Coistí an Údaráis

### *An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de bheirt chomhalta den Údarás: An Dr Muiris O'Ceidigh (Cathaoirleach) agus Hilary Griffey Uasal, in éineacht le beirt chomhaltaí neamhspleácha: Therese Carolan Uasal agus an tUasal David Salter. Ceapadh an tUasal Salter ar an gCoiste ar an 26 Bealtaine 2020 ar feadh téarma dhá bhliain tar éis gur tháinig deireadh le téarma an Uasail Myles O'Reilly ar an 14 Bealtaine 2020. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2020.

| Comhalta den Choiste | An Cineál Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|
| Muiris O'Ceidigh, Dr. | Comhalta den Údarás (Cathaoirleach) | 4 |
| Hilary Griffey | Comhalta den Údarás | 4 |
| Therese Carolan | Comhalta Neamhspleách | 2 |
| Myles O'Reilly | Comhalta Neamhspleách | 1 |
| Dave Salter | Comhalta Neamhspleách | 3 |

### *An Coiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh*

Tá triúr comhaltaí den Údarás ar an gCoiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh: Hilary Griffey Uasal, an Dr Aideen Hayden agus an Dr Muiris O'Ceidigh. Déanann an Coiste Comhairleach breithniú ar iarratais ar dheontais ar an gCiste Cúitimh agus déanann sé moladh do Bhord an Údaráis maidir le héilimh a cheadú, a cheadú i bpáirt nó a dhiúltú. Tionóladh 2 chruinniú den Choiste in 2020.

| Comhalta den Choiste | Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|
| Hilary Griffey | 2 |
| Aideen Hayden, Dr. | 2 |
| Muiris O'Ceidigh, Dr. | 2 |



# An Plean Straitéiseach



# An Plean Straitéiseach

**Leagtar amach sa Phlean Straitéiseach cuspóirí straitéiseacha agus treo an Údaráis. Sainaithnítear ann an méid a bhfuil súil ag an Údarás a bhaint amach do thréimhse an phlean.**

**Ghlac an tÚdarás na príomhspriocanna seo a leanas chuige féin ina Phlean Straitéiseach 2017-2020:**




**Tháinig deireadh leis an bPlean Straitéiseach trí bliana 2017-2020 i mí Mheán Fómhair 2020. Cuireadh cuspóirí an Phlean seo i bhfeidhm go rathúil. I dtús na bliana 2020, thosaigh an tÚdarás ag díriú ar a Phlean Straitéiseach nua 2020-2023 a fhorbairt, ag tógáil ar chomhairliúcháin leis an mBord, le páirtithe leasmhara agus leis an bhfoireann le linn 2019. D'fhaomh an tAire Dlí agus Cirt an plean ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2020 agus clúdaíonn sé an tréimhse ó Mheán Fómhair 2020 go Lúnasa 2023. Tá cúig sprioc uaillmhianacha leagtha amach sa Phlean, eadhon:**

1) **Clár feabhsaithe agus córas éifeachtach rialála a fhorbairt chun tacú le cleachtas gairmiúil**
2) **Próisis agus socruithe an Údaráis a fheabhsú go leanúnach chun cigireachtaí spriocdhírithe a chur i gcrích ar bhonn cost-éifeachtúil**
3) **Caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn, aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe agus próiseas éifeachtach bainistithe gearán a oibriú**
4) **Rannpháirtíocht, feasacht agus forbairt ghairmiúil leanúnach a chur chun cinn ar mhaithe leis na páirtithe leasmhara uile**
5) **An tÚdarás a bhainistiú, agus na hacmhainní a chur ar fáil dó, chun barr feabhais a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht eagraíochtúil**

**Leagtar amach i dTuarascáil Bhliantúil 2020 an dul chun cinn atá déanta ag an Údarás maidir lena spriocanna mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach 2017-2020.**



# Dul Chun Cinn ar na Spriocanna Straitéiseacha

## SPRIOC 1 Córas Éifeachtach Ceadúnúcháin a Chothabháil

**Foráiltear leis an Acht nach mór d'aon duine a chuireann seirbhísí maoine ar fáil in Éirinn a bheith ceadúnaithe ag an Údarás. Eisíonn an tÚdarás ceithre chatagóir éagsúla ceadúnas, a fhreagraíonn do na ceithre chatagóir de sheirbhísí maoine a shainítear san Acht. Féadtar iarratais a dhéanamh ar chatagóir cheadúnais amháin nó níos mó. Féadtar na ceadúnais a athnuachan gach bliain. Leanann próiseas ceadúnaithe an Údaráis air ag feidhmiú go héifeachtúil agus próiseáladh 5,947 iarratas ar cheadúnas san iomlán (nua, athnuachan agus catagóir bhreise) in 2020.**


Mar thoradh ar fhorbairt an chórais iarratais ar cheadúnas ar líne le blianta beaga anuas, bhí an tÚdarás in ann leanúint d'iarratais ar cheadúnais a phróiseáil le linn 2020 in ainneoin thionchar Covid-19 ar phróisis oibre.

### Iarratais ar Cheadúnais Nua

Déanann an tÚdarás measúnú ar iarratais ar cheadúnais nua ó dhaoine ar mian leo a bheith ag obair in earnáil na seirbhísí maoine faoi réir riachtanais maidir leis an íosmhéid cáilíochtaí a bheith bainte amach.

In 2020, cuireadh 535 iarratas ar cheadúnas nua faoi bhráid an Údaráis lena mbreithniú. Tugtar briseadh síos i gCairt 1 ar na hiarratais a próiseáladh le linn 2020.

**Cairt 1** *Iarratais ar Cheadúnas nua a Próiseáladh in 2020*





Déanann an tÚdarás measúnú neamhspleách ar gach iarratas ar cheadúnas laistigh de cheanglais an Achta agus cuireann sé comhairle ar an iarratasóir i gcás nach sroicheann a n-iarratas an cháilíocht nó caighdeán riachtanach eile a theastaíonn. Tugtar gach deis d'iarratasóirí fianaise chuí dá gcáilíocht a chur ar fáil mar thaca lena n-iarratas sula ndéanann an tÚdarás cinneadh críochnaitheach. Diúltaíodh líon beag iarratas ar cheadúnas nua in 2020, agus sainaithníodh an chúis ba choitianta le diúltú ná teip ar pháirt an iarratasóra na riachtanais maidir leis an íosmhéid cáilíochta a bhaint amach.

### Athnuachan Ceadúnais

Ceanglaítear ar SSM a gceadúnais a athnuachan gach bliain.

Ba é 5,318 líon iomlán na n-iarratas ar athnuachan ceadúnais a próiseáladh sa bhliain 2020. Tugtar briseadh síos i gCairt 2 ar na hiarratais ar athnuachan ceadúnais a phróiseáil an tÚdarás i rith na bliana. Áirítear ar na cúiseanna gur dhiúltaigh an tÚdarás d'iarratais ar athnuachan teip ar pháirt an iarratasóra taifid dhóthanach chuntasaíochta a chur ar fáil agus cásanna nach raibh an t-iarratasóir cáin-chomhlíontach níos mó.

**Cairt 2** *Iarratais ar Athnuachan ar Cheadúnas Próiseáilte in 2020*




### Síneadh le Tréimhse an Cheadúnais

I mBealtaine 2020, d'fhógair an tÚdarás tosach feidhme I.R. Uimh. 162 de 2020, Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Alt 95) (Ceadúnais a Leathnú) 2020. Le tabhairt isteach na Rialachán, ceadaíodh síneadh ceithre mhí do cheadúnais a bhí le dul in éag idir an 7 Bealtaine

2020 agus an 31 Lúnasa 2020. Lorg an tÚdarás an beart éigeandála mar fhreagairt ar na deacrachtaí praiticiúla a bhí ag SSM ceadúnaithe, agus ag an Údarás féin, mar thoradh ar an bpaindéim dhomhanda a thit amach in 2020. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an beart seo. Ceadaíodh an síneadh leis an gceadúnas tar éis gur deimhníodh go raibh an leibhéal árachais slánaíochta gairmiúla ba ghá ag na SSM ceadúnaithe i gcomhréir leis na Rialacháin leasaithe um Árachas Slánaíochta Gairmiúla.


Sular ceadaíodh an síneadh ceithre mhí, bhí dáta éaga de 5 Iúil ag sciar suntasach ceadúnas, thart ar 2,800 ceadúnas. Mar thoradh ar an síneadh ceithre mhí ar cheadúnais, rachaidh na ceadúnais sin in éag anois ar an 5 Samhain. Ba é an toradh a bhí air sin ná gur tharla an tréimhse ba ghnóthnaí athnuachana ó Mheán Fómhair go Samhain agus fuair an tÚdarás breis agus 3,000 iarratas ar athnuachan lena linn.

## Uimhreacha Ceadúnúcháin Foriomlána

Ag deireadh 2020, bhí 5,698 sealbhóir ceadúnais san iomlán ann i gcomparáid le 5,840 ag deireadh na bliana 2019. Is ionann sin agus laghdú 2% ar shealbhóirí ceadúnais, nó 142 ar an iomlán. Is ionann breis agus 75% den laghdú agus laghdú de 107 fostaí ceadúnaithe.


Léirítear i gCairt 3 dáileadh na gceadúnas in 2020 de réir Fostaithe, Cuideachtaí, Comhpháirtíochtaí, Conraitheoirí Neamhspleácha agus Trádálaithe Aonair.

**Cairt 3** *Dáileadh de réir Cineál Ceadúnaí in 2020*




Cuirtear anailís ar fáil i gCairt 4 ar dháileadh an 1,825 ceadúnas gnó a bhí gníomhach ag deireadh 2020.


**Cairt 4** *Dáileadh Ceadúnas Gnó de réir Cineál Gnó in 2020*




## Neamh-Athnuachan Ceadúnas Fostóirí agus Fostaithe

Leagtar amach i gCairt 5 an leibhéal neamh-athnuachana ceadúnas do 2020 agus 2019. In 2020, ní dhearna 556 SSM ceadúnaithe athnuachan ar a gceadúnas, i gcomparáid le 491 SSM in 2019. Is méadú é sin de 13%. Tá éagsúlacht idir na cúiseanna don neamh-athnuachan agus áiríonn siad scor, dúnadh gnó, dul ar imirce agus i gcásanna áirithe athrú ó eintiteas dlíthiúil amháin go heintiteas dlíthiúil eile. Cuimsíonn na ceadúnais nach ndearnadh athnuachan orthu do 2020 125 gnólacht agus 431 fostaí.


**Cairt 5** *Ceadúnais Nach nDearnadh Athnuachan Orthu*




## Catagóir Cheadúnais Bhreise agus Iarratais ar Athrú Fostóra Seirbhísí Maoine

In 2020, phróiseáil an tÚdarás 94 iarratas ó SSM ceadúnaithe a rinne iarratas ar chatagóirí ceadúnais bhreise a chur lena gceadúnas. Léirítear i gCairt 6 seasamh an 94 iarratas sin ag deireadh na bliana.

**Cairt 6** *Cairt 6 Iarratais ar Líne ar Chatagóir Bhreise a Próiseáladh in 2020*




Is mar gheall ar an líon iarratas a cuireadh isteach trí bhotún atá an líon iarratas a aistarraingíodh an-ard.

Cuirtear iarratais ar Athrú Fostóra Seirbhísí Maoine isteach nuair is mian le fostaithe atá ceadúnaithe faoi ghnó amháin a gceadúnas a aistriú go dtí gnó ceadúnaithe eile. In 2020, phróiseáil an tÚdarás 180 iarratas ar Athrú Fostóra Seirbhísí Maoine.

## Achomhairc i leith Iarratas ar Cheadúnas

Rinneadh 3 achomharc ar iarratas ar cheadúnas sa bhliain 2020 chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (BASM). Tharraing an t-achomharcóir siar an chéad iarratas ar achomharc, sheas an BASM le cinneadh an Údaráis sa dara cás agus sa tríú cás chuir an BASM an t-iarratas ar ais chuig an Údarás lena bhreithniú tuilleadh.

## Catagóir an Cheadúnais

Mar a luadh cheana, ag deireadh 2020, bhí 5,698 ceadúnas gníomhach san iomlán ann i gcomparáid le 5,840 ceadúnas ag deireadh 2019. Léirítear i gCairt 7 dáileadh 1,825 ceadúnas gnó gníomhach de réir catagóire ceadúnais ag deireadh na bliana 2019. Cuimsíonn catagóirí ceadúnais catagóirí ceadúnais shingil agus meascán de roinnt de na catagóirí ceadúnais nó iad uile.

**Cairt 7** *Catagóirí Ceadúnais Ghnó in 2020*

| Catagóir an Cheadúnais Eisithe | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| [A] | 82 | 79 |
| [A],[B] | 19 | 20 |
| [A],[B],[C] | 917 | 947 |
| [A],[B],[C],[D] | 309 | 311 |
| [A],[B],[D] | 0 | 1 |
| [A],[C] | 3 | 4 |
| [A],[C],[D] | 1 | 1 |
| [B] | 18 | 14 |
| [B],[C] | 192 | 187 |
| [B],[C],[D] | 73 | 67 |
| [C] | 82 | 84 |
| [C],[D] | 54 | 63 |
| [D] | 75 | 82 |

Tugtar briseadh síos i gCairt 8 ar na catagóirí ceadúnais atá ag an 3,873 fostaí ag deireadh 2020.

**Cairt 8** *Catagóirí Ceadúnais Fostaithe in 2020*

| Catagóirí Ceadúnais Fostaithe Eisithe | 2020 |
|---|---|
| [A] | 148 |
| [A],[B] | 34 |
| [A],[B],[C] | 1314 |
| [A],[B],[C],[D] | 750 |
| [A],[C] | 8 |
| [A],[C],[D] | 3 |
| [A],[D] | 1 |
| [B] | 135 |
| [B],[C] | 617 |
| [B],[C],[D] | 285 |
| [B],[D] | 2 |
| [C] | 159 |
| [C],[D] | 169 |
| [D] | 248 |

## Údarás Inniúil i dtaca le Frithsciúradh Airgid


Is é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an tÚdarás Inniúil Stáit do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine, chun críocha Chuid 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta) 2010. I gcomhréir leis sin, déanann an tÚdarás iniúchtaí Frithsciúradh Airgid (FA) ar ghnólachtaí ceadúnaithe.

Le linn na hiniúchóireachta, déantar measúnú ar ghnólachtaí ceadúnaithe maidir le comhlíonadh sna réimsí seo a leanas:

- Measúnú Riosca ar Ghnó agus ar Chliaint
- Cur i gCrích Dícheall Cuí do Chustaiméirí
- Tuairisciú ar Idirbhearta Amhrasacha
- Cur i bhFeidhm Polasaithe agus Nósanna Imeachta i dtaca le Frithsciúradh Airgid
- Oiliúint foirne maidir le Frithsciúradh Airgid agus Dul i nGleic le Sceimhlitheoireacht Airgeadais
- Coinneáil taifid ábhartha maidir le Frithsciúradh Airgid

Chuir an tÚdarás 176 iniúchadh Frithsciúradh Airgid san iomlán i gcrích in 2020 agus léirigh 81 gnó acu sin go raibh siad iomlán comhlíontach ar lá an iniúchta. Aithníodh réimsí de neamhchomhlíonadh le linn na 95 iniúchadh eile agus bhain na réimsí sin le Measúnú Riosca Cliant, Measúnú Riosca Gnó, Polasaithe agus Nósanna Imeachta agus Dícheall Cuí don Chustaiméir. Chuir an tÚdarás an treoir agus an chomhairle riachtanach ar fáil do na 95 gnólacht ceadúnaithe chun cabhrú leo a bheith comhlíontach. Tar éis na rannpháirtíochta sin, chuir gach ceann de na 95 gnólacht ceadúnaithe fianaise ar fáil go raibh siad comhlíontach ina dhiaidh sin.

**Cairt 9** *Comhlíonadh de réir Iniúchadh FA 2020*








## SPRIOC 2 Córas Imscrúdaithe agus Breithnithe a Chothabháil

**Gné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis is ea imscrúdú ar SSM. Tá trí chineál imscrúdaithe is féidir leis an Údarás a dhéanamh, eadhon:**

- Imscrúdú agus breithniú ar ghearáin a dhéantar i gcoinne Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe;
- Imscrúdú ar sholáthar neamhdhleathach seirbhísí maoine ag trádálaithe neamhcheadúnaithe;
- Cigireacht ar chaighdeáin i dtaca le soláthar seirbhísí maoine agus comhlíonadh reachtúil ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe.

Tá an creat dlíthiúil agus na nósanna imeachta le haghaidh imscrúduithe den chineál seo leagtha amach i gCuid 7 den Acht. Go hachomair, clúdaítear an méid seo a leanas leo sin:

- Na himthosca faoina bhféadfaidh an tÚdarás imscrúdú ar SSM ceadúnaithe a thosú, agus an modh ina ndéanfaidh sé é sin;
- Cumhachtaí iontrála agus cigireachta na gCigirí atá ceaptha ag an Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh agus dualgais Chigirí den sórt sin;
- Dualgais an Údaráis tar éis imscrúdú a thabhairt chun críche; agus
- Na hábhair nach mór don Údarás a bhreithniú le linn dó cinneadh a dhéanamh de bhun thuarascáil an Chigire agus le linn dó smachtbhannaí a chur i bhfeidhm

### *Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Caighdeáin Íosta) 2020 – I.R 564 de 2020*

In 2020, shínigh an tAire Dlí agus Cirt, Helen McEntee Uasal, Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Caighdeáin Íosta) 2020, i bhfeidhm ón 30 Samhain 2020. Tugtar aghaidh leis na Rialacháin seo ar chaighdeáin bhreise a bheidh le comhlíonadh agus seirbhísí maoine á soláthar ag soláthraithe seirbhísí maoine.

Tá forálacha i roinnt de na caighdeáin seo, gan a bheith go hiomlán saintreorach, nach mór do SSM ceadúnaithe gníomhú ar bhealach cóir, réasúnach agus cothrom agus laistigh den dlí. Mar shampla: tá sé de dhualgas ar SSM ceadúnaithe gníomhú ar mhaithe le leas na gcliant; cistí na gcliant a thabhairt ar ais laistigh de thréimhse ama sainithe; comhairle a chur ar chliaint i scríbhinn maidir le haon choimhlint leasa agus freagra a thabhairt ar cheisteanna laistigh de thréimhse ama réasúnta.

Forálann na rialacháin maidir le caighdeáin íosta do chaighdeáin bhreise agus is ionann anois sárú orthu sin is iompar míchuí faoin Acht. Go dtí an 30 Samhain 2020, diúltaíodh líon suntasach gearán a fuair an tÚdarás le haghaidh imscrúdaithe mar gheall nár tháinig an t-iompar a ndearnadh gearán ina leith faoin sainmhíniú ar "iompar míchuí" mar a fhoráiltear dó san Acht. Bhain go leor cásanna den sórt sin le líomhaintí maidir le soláthar drochsheirbhís nó sárú ar théarmaí na litreach comhaontaithe. Is féidir le Cigirí atá ceaptha ag an Údarás gearáin den sórt sin a imscrúdú go foirmiúil anois agus, má chruthaíonn an t-imscrúdú gur tharla iompar míchuí, d'fhéadfaí smachtbhannaí a chur ar an SSM ceadúnaithe.

### Imscrúduithe agus Breithniú ar Ghearáin

Is féidir leis an bpobal gearán i gcoinne SSM ceadúnaithe a dhéanamh i scríbhinn chuig an Údarás lena imscrúdú. I rith 2020, fuair an tÚdarás 187 gearán. Is ionann sin agus laghdú 7.43% ar an 202 gearán a fuarthas in 2019. D'fhéadfadh sé sin a bheith tarlaithe, i bpáirt, mar gheall ar chomhlíonadh méadaithe ag soláthraithe seirbhísí maoine agus freisin mar gheall ar dhúnadh na hearnála ar feadh cuid den bhliain in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

#### *Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana*

Ar an 1 Eanáir 2020, bhí 28 gearán idir lámha ag an Údarás. Bhain péire acu sin le gearáin ar measadh gur ghearáin stairiúla iad, a bhain le tréimhse níos mó ná dhá bhliain ón mbliain tuairiscithe reatha. Chomh maith leis an 187 gearán a fuarthas in 2020, bhí 215 gearán san iomlán á mbreithniú ag an Údarás in 2020. As na comhaid sin, cuireadh 125 acu i gcrích in 2020.

Ag deireadh na bliana, bhí 90 comhad gearáin oscailte idir lámha. Astu sin, bhí 45 acu ag céim na cigireachta agus bhí na 45 eile ag an gcéad chéim

mheasúnaithe agus cinneadh le déanamh an raibh na gearáin sin le himscrúdú nó nach raibh.

Baineann na 45 cás ag céim na cigireachta le gearáin inar ceapadh Cigire agus go raibh imscrúdú fós ar siúl ag deireadh na bliana.

Tugtar achoimre i gCairt 10 ar na gearáin ar fad a phróiseáil an tÚdarás in 2020 agus ar stádas na ngearán sin ag deireadh na bliana.


**Cairt 10** *Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana*

| Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana | Líon Iomlán |
|---|---|
| Gearáin idir lámha ar an 1/1/2020 | 28 |
| Líon iomlán na ngearán a fuarthas in 2020 | 187 |
| Líon iomlán na ngearán a bhí tugtha chun críche ag deireadh na bliana | 125 |
| Líon na ngearán a bhí oscailte ag deireadh na bliana | 90 |

***Stádas na nGearán atá Curtha i gCrích***

Tugtar sonraí i gCairt 11 faoi gach gearán a tugadh chun críche i rith 2020, briste síos de réir stádas an chinnidh.

**Cairt 11** *Stádas na nGearán Uile a Cuireadh i gCrích in 2020 (gach bliain)*




Maidir leis na gearáin a cuireadh i gcrích in 2020, diúltaíodh imscrúdú a dhéanamh ar 96 (76.8%) gearán agus marcáladh iad mar ghearáin a bhí tugtha chun críche tar éis measúnú tosaigh a bheith déanta ag an Údarás orthu. I gcásanna áirithe, rinneadh teagmháil leis an ngearánach nó leis an SSM ceadúnaithe chun an t-eolas riachtanach a fháil don Údarás chun cinneadh a dhéanamh cibé arbh ionann iompar míchuí faoin Acht an t-ábhar a ndearnadh gearán ina leith, dá gcruthófaí é, nó nárbh ea. I ngach cás inar dhiúltaigh an tÚdarás gearán a imscrúdú, cuireadh na cúiseanna nach ndearnadh imscrúdú ar fáil don ghearánach agus tugadh ceart dó nó di achomharc a dhéanamh leis an BASM ina leith. Ba é an chúis ba choitianta le diúltú gearán a imscrúdú ná nár tháinig ábhar an ghearáin faoin sainmhíniú ar "iompar míchuí" mar atá sainmhínithe san Acht.

## Cás-staidéir ar Ghearáin ar Diúltaíodh Imscrúdú a Dhéanamh Orthu

***Cás-Staidéar Uimh.1***

Fuair an tÚdarás gearán ó thiarna talún maidir le SSM ceadúnaithe a bhí fostaithe aici chun a maoin a bhainistiú. Rinne an gearánach líomhain nár thug an SSM ceadúnaithe freagra ar a ríomhphoist ná ar a glaonna agus go raibh sé thar a bheith dona ó thaobh an scéal is deireanaí a chur ar fáil di maidir le stádas na tionóntachta. Rinne Cigire measúnú ar an ngearán agus diúltaíodh an gearán a imscrúdú mar gur bhain na líomhaintí sa ghearán le drochsholáthar seirbhíse agus nárbh ionann sin agus iompar míchuí faoi fhorálacha an Achta. Tugadh fógra don ghearánach agus don SSM ceadúnaithe faoin gcinneadh sin agus faoi na cúiseanna gur diúltaíodh imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán agus tugadh ceart achomhairc chuig an BASM dóibh.

Ó achtaíodh Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Caighdeáin Íosta) 2020, dhéanfaí gearán den chineál seo a imscrúdú anois. Foráiltear le halt 5(1) de na Rialacháin go "*bhfreagróidh ceadúnaí gach cumarsáid ó chliant ar pé slí a chomhaontófar leis an gcliant agus laistigh de thréimhse ama réasúnach.*"

***Cás-Staidéar Uimh.2***

Fuair an tÚdarás gearán ó úinéir árasáin in aghaidh ghníomhaire bainistíochta maoine a eastáit tithíochta. Rinne an gearánach líomhain nár thug an SSM ceadúnaithe aire do chúram agus do chothabháil an eastáit tithíochta agus rinne an gearánach líomhain freisin go raibh an SSM ceadúnaithe gránna agus go raibh na fadhbanna céanna á dtuairisciú aige don SSM ceadúnaithe le blianta. Rinne Cigire measúnú ar an ngearán agus diúltaíodh é a imscrúdú mar gurbh é Cuideachta Bainistíochta na nÚinéirí (CBÚ), agus ní an SSM ceadúnaithe, a bhí freagrach as na líomhaintí a bhí sa ghearán. Ní fhéadfaí a rá gurbh ionann sin agus iompar míchuí faoi fhorálacha an Achta. Cuireadh an cinneadh sin in iúl don ghearánach agus don SSM ceadúnaithe araon, lena n-áirítear na cúiseanna gur diúltaíodh imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán agus tugadh ceart don ghearánach achomharc a dhéanamh chuig an BASM.

## Cás-staidéir ar Imscrúduithe

Thíos tá dhá achoimre gan ainm ar imscrúduithe ar ghearáin a rinne an tÚdarás in 2020. Tá na cás-staidéir seo tugtha chun léargas ginearálta a thabhairt ar na cineálacha imscrúduithe a dhéanann an tÚdarás ar bhonn rialta.

***Cás-Staidéar Uimh.3***

Fuair an tÚdarás gearán ó thiarna talún (an gearánach) i ndáil le SSM a bhí ceaptha le tionóntacht mhaoin an tiarna talún a bhainistiú. Léirigh gearán an tiarna talún nár aistrigh an SSM an t-ioncam cíosa chuig an ngearánach do mhí an Mhárta 2020. D'ainneoin mórán iarrachtaí ón ngearánach teagmháil a dhéanamh leis an SSM chun a fháil amach cén fáth nach bhfuarthas an t-airgead sin, ní dhearna an SSM teagmháil leis an ngearánach ná níor thug sé freagra air. Tar éis dó teagmháil a dhéanamh leis an SSM ar deireadh, cuireadh in iúl don ghearánach gur dúnadh oifig an SSM i lár an Mhárta mar gheall ar phaindéim an choróinvíris. Bhí an gearánach míshásta nár cuireadh in iúl dóibh gur dúnadh an oifig agus nár cuireadh socruithe eile i bhfeidhm chun seirbhísí leanúnacha a chur ar fáil go cianda. Chuir an gearánach in iúl don SSM gur mhian leo deireadh a chur lena gconradh le haghaidh seirbhísí agus d'iarr siad aisíocaíocht ar tháillí seirbhíse don chuid eile den chonradh, ó tharla gur íocadh na táillí roimh ré ag tús an chonartha. Ní raibh freagra ar a n-iarratas faighte ag an ngearánach ná aon chomhartha tugtha dóibh faoin am go bhféadfaidís a bheith ag súil le haisíocaíocht ar a dtáillí seirbhíse nó an raibh a leithéid le tarlú.

Chuir an tÚdarás tús le himscrúdú ar an ngearán seo agus chuaigh Cigire i dteagmháil leis an SSM ar an ábhar. Chuir an SSM in iúl don Chigire nach raibh comhfhreagras an ghearánaigh maidir le deireadh a chur leis an gconradh faighte acu, ó tharla gur dúnadh an oifig mar gheall ar shrianta Covid-19.

Nuair a d'fhill an SSM ar a oifig agus nuair a fuair sé comhfhreagras an ghearánaigh d'íoc sé na táillí seirbhíse a íocadh don chuid eile den chonradh ar ais leis an ngearánach.

Sa tuarascáil ar an imscrúdú ar an ngearán seo, chinn an Cigire nár tharla iompar míchuí mar gur íoc an SSM na táillí seirbhíse ar ais leis an ngearánach nuair a fuarthas fógra faoi dheireadh a bheith á chur leis an gconradh agus faoin iarratas ar aisíoc na dtáillí.

Fuarthas gurbh ionann na gnéithe den ghearán a bhain le teip an SSM freagra a thabhairt ar ríomhphoist, nó cumarsáid a dhéanamh leis an ngearánach, is 'drochsholáthar seirbhíse'. Ag an am a rinneadh an t-imscrúdú níor chomhlíon drochsholáthar seirbhíse an sainmhíniú ar iompar míchuí mar atá sainmhínithe san Acht. Mar sin, níorbh fhéidir leis an gcigire a chinneadh gur tharla iompar míchuí i ndáil le drochchumarsáid.

Tar éis an imscrúdaithe seo, áfach, achtaíodh I.R. Uimh. 564/2020 – Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Caighdeáin Íosta) 2020. Faoi fhorálacha an I.R. seo, chomhlíonfadh teip an SSM ceadúnaithe freagra a thabhairt ar chumarsáid ó chliant, laistigh de thréimhse ama réasúnta gan cúis mhaith, an sainmhíniú ar iompar míchuí. Ní féidir iompar míchuí a chur i bhfeidhm go siarghabhálach i gcás ar bith roimh achtú an I.R., ach tugann sé sampla maith den bhealach a bhfuil an I.R. tar éis an raon d'iompar míchuí faoin Acht agus ábhair le haghaidh imscrúdaithe a leathnú amach.

**Cás-Staidéar Uimh. 2**

Bhain an gearánach leas as seirbhísí an SSM chun a dteach a dhíol. Ag an am céanna, bhí aontaithe ag an ngearánach maoin eile a bhí á díol ag an SSM céanna a cheannach. Ba iad seo a leanas na líomhaintí sa ghearán:

i. Ní raibh aon litir chomhaontaithe i bhfeidhm chun maoin an ghearánaigh a dhíol.
ii. Eolas míchruinn ón gceadúnaí maidir le tairiscintí don díoltóir.

Ceapadh Cigire faoi alt 65 den Acht chun imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán seo.

Nuair a bhí an t-imscrúdú críochnaithe, chinn an Cigire nár eisigh an SSM litir chomhaontaithe chuig an ngearánach chun a maoin a dhíol. Sa chás seo, chinn an Cigire gur tharla iompar míchuí faoi alt 43(1) den Acht agus chuir an tÚdarás mion-smachtbhanna foláirimh i bhfeidhm.

Maidir leis an líomhain a bhain le heolas míchruinn faoi thairiscintí, bhain an t-ábhar seo le tairiscintí a fuair an SSM ceadúnaithe ar an maoin a raibh comhaontú díolacháin air. Tharraing an díoltóir siar ón díolachán ag céim an chonartha, ós rud é go raibh an praghas díolacháin a bhí leagtha amach sa chonradh níos ísle ná an praghas a thuig an díoltóir a rabhthas tar éis glacadh leis ar an maoin. Rinne an gearánach (an ceannaitheoir a bhí chun an mhaoin a cheannach) líomhain gur thug an SSM ceadúnaithe eolas míchruinn don díoltóir faoin bpraghas a thairg sí ar an maoin. Ceanglaítear ar an SSM taifead a choinneáil ar gach tairiscint agus an taifead sin a choinneáil, agus rinneadh athbhreithniú ar an taifead sin mar chuid den imscrúdú. Ní bhfuair an Cigire aon fhianaise gur chuir an SSM ceadúnaithe an díoltóir ar an eolas faoi thairiscint a líomhnaíodh a bheith níos airde agus ní bhfuarthas go raibh iompar míchuí ar bun ag an SSM ceadúnaithe.

### *Torthaí na gCásanna Críochnaithe tar éis imscrúdú a dhéanamh:*

In 2020, cuireadh 19 gearán i gcrích tar éis do chigirí an Údaráis imscrúdú a dhéanamh orthu. As na 19 cás sin, níor aimsíodh aon iompar míchuí i 15 chás (79%). I 4 chás (21%), aimsíodh iompar míchuí agus chuir an tÚdarás mion-smachtbhanna i bhfeidhm i ndáil le litir chomhaontaithe nach raibh curtha ar fáil.

### *Na Cineálacha Gearán*

Clúdaíonn na cineálacha gearán raon leathan fadhbanna. Léirítear i gCairt 12 an briseadh síos de réir catagóire de na gearáin a fuarthas in 2020 agus is léiriú maith é ar réimse leathan na ngearán a bhíonn le meas agus le himscrúdú ag an Údarás. Ní mór a thabhairt faoi deara go bhféadfadh gearán a bheith ilghnéitheach agus a bheith bainteach le níos mó ná catagóir amháin. Baineann Cairt 12 leis an 187 gearán a fuarthas in 2020 ach go raibh 223 fadhb san iomlán laistigh de na gearáin sin.

**Cairt 12** *Na Cineálacha Gearán a Fuarthas in 2020*

| An Cineál Gearáin | Líon na nGearán Briste Síos de réir Cúise |
|---|---|
| Soláthar Seirbhíse (Gearánach míshásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil) | 109 |
| Airgead Coinnithe Siar ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine | 49 |
| Iompar Eitice (Mheas an Gearánach go raibh iompar na Soláthraithe Seirbhísí Maoine mí-eiticiúil) | 20 |
| Litir Chomhaontaithe (Bhí an Litir Chomhaontaithe in easnamh nó easnamhach ar bhealach éigin) | 9 |
| Fógraíocht | 7 |
| Táille nó Caiteachas (Chuir an Gearánach i gcoinne méid na dtáillí a gearradh nó costais/caiteachas a tabhaíodh) | 5 |
| Eile | 24 |
| Iomlán: | 223 |

D'fhéadfaí roinnt bríonna difriúla a bhaint as an iompraíocht nó na heasnaimh a ndearnadh gearán fúthu i roinnt de na catagóirí, mar shampla, soláthar seirbhísí nó iompar eiticiúil. D'fhéadfadh gur airigh an gearánach míshásta nó éagóraithe i ndáiríre maidir leis an méid a thit amach agus iad ag déileáil leis an soláthraí seirbhísí maoine, ach d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh an méid a tharla faoin sainmhíniú ar "iompar iomchuí" in alt 2 den Acht. Míníonn an difríocht seo idir an dearcadh ar éagóir agus an rud is ionann is iompar míchuí, an líon réasúnta ard gearán a dhiúltaíonn an tÚdarás a imscrúdú, mar a léiríodh roimhe seo i gCairt 11

### *Achomhairc ar Iarratais ar Ghearáin*

I rith na bliana 2020, fuair an BASM 21 cás



achomhairc - 20 acu ó ghearánaigh agus ceann acu ó SSM ceadúnaithe. Tugadh 17 achomharc san iomlán ar aghaidh ó 2019, rud a d'fhág go raibh 38 achomharc san iomlán os comhair an BASM i rith 2020. Faoi dheireadh na bliana, bhí breithniú déanta ag an BASM ar 26 achomharc, agus dícheadaíodh 25 cás achomhairc (96.2%) díobh, rud a dhaingnigh cinneadh an Údaráis i ngach ceann de na cásanna sin. Cheadaigh an BASM achomharc i gcás gearán amháin (3.8%), áit ar aontaigh sé le cinneadh an Údaráis maidir le hiompar míchuí agus nuair a cuireadh smachtbhanna Foláirimh i bhfeidhm. Sa chás seo, mhéadaigh an BASM an smachtbhanna agus chuir sé smachtbhanna níos airde Iomardaithe i bhfeidhm.

Ag deireadh na bliana, bhí 12 achomharc ar ghearán ag fanacht ar chinneadh ón BASM.

Léirítear i gCairt 13 achoimre ar na torthaí a bhí ar na hachomhairc éagsúla a bhreithnigh an BASM agus ar dhéileáil siad leo.

**Cairt 13** *Achoimre ar Chinntí an BASM le linn 2020*

| Toradh | Líon na nAchomharc | Céatadán den Iomlán |
|---|---|---|
| Achomharc Dícheadaithe — Cinneadh an Údaráis ar Seasadh Leis | 25 | 96.2% |
| Achomharc Ceadaithe — Cinneadh an Údaráis Curtha ar Ceal | 1 | 3.8% |

## Imscrúdú ar Sholáthar Neamhdhleathach Seirbhísí Maoine

Glacann an tÚdarás go han-dáiríre le tuairisc ar bith faoi thrádáil neamhcheadúnaithe. Ceileann cuideachtaí nó daoine aonair a sholáthraíonn seirbhísí maoine gan cheadúnas na cosaintí tábhachtacha do thomhaltóirí a chuirtear ar fáil leis an Acht ar a gcliaint agus is ionann sin agus iomaíocht éagórach dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí ar bhealach a chomhlíonann an dlí. Déanann an tÚdarás imscrúduithe ar chuideachtaí nó ar dhaoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil trádáil neamhcheadúnaithe ar bun acu agus é mar aidhm ag an Údarás iad a chúisiú nó urghaire Ard-Chúirte a lorg le hiallach a chur orthu deireadh a chur le trádáil.

In 2020, d'éirigh leis an Údarás dhá thrádálaí neamhcheadúnaithe a chúisiú, mar atá leagtha amach i gCairt 14.

**Cairt 14** *Ionchúisimh ar thug an tÚdarás fúthu*

| Cás Uimh | Eintiteas | Cineál an Chiona | Cúirt | Fíneáil | Costais |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Cuideachta | Trádáil Neamhcheadúnaithe | Cúirt Dúiche Dhún Dealgan | €2,500 | €3,382 |
| 2 | Trádálaí Aonair | Trádáil Neamhcheadúnaithe | Cúirt Dúiche Dhurlais | €15,000 | €8,147.16 |

***Achoimre ar Imscrúduithe maidir le Soláthar Mídhleathach Seirbhísí Maoine:***

**Cás Uimh. 1**

Bhain an cás seo le SSM a bhí ceadúnaithe roimhe sin agus nach ndearna athnuachan ar a cheadúnas. Mar chuid dá fhaireachán agus dá imscrúdú ar ghnólachtaí nach ndéanann a gceadúnas bliantúil a athnuachan, fuair an tÚdarás go raibh an soláthraí seirbhísí maoine sin ag feidhmiú gan cheadúnas. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar thrádáil neamhcheadúnaithe, phléadáil an SSM a bhí ceadúnaithe roimhe sin ciontach as seirbhísí maoine a chur ar fáil gan cheadúnas. Chiontaigh an Chúirt Dúiche an soláthraí seirbhísí maoine neamhcheadúnaithe as seirbhísí maoine a sholáthar idir an 10 Bealtaine 2019 agus an 30 Meán Fómhair 2019 tráth nach raibh an chuideachta ceadúnaithe ag an Údarás. Ghearr an Chúirt fíneáil de €2,500 agus costais de €3,382.50. Tá an SSM ceadúnaithe ag an Údarás ó shin chun seirbhísí maoine a chur ar fáil.

**Cás Uimh. 2**

Fuair an tÚdarás gearáin nach raibh éarlais áirithintí á dtabhairt ar ais i gcás soláthraí neamhcheadúnaithe. Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar thrádáil neamhcheadúnaithe, ciontaíodh an soláthraí seirbhísí neamhcheadúnaithe ar gach ceann de na cúig chúis a bhain le soláthar seirbhísí maoine le linn 2017 agus 2018 i gcúinsí nach raibh ceadúnas an Údaráis ag an soláthraí ag an am. Ghearr breitheamh na Cúirte Dúiche fíneáil €15,000 i leith gach ceann de na cúig chúis agus costais de €8,147.16 sa chás seo. Ní raibh an trádálaí neamhcheadúnaithe i láthair sa Chúirt agus creidtear é a bheith lasmuigh den dlínse.

***Tuairisciú Neamhcheadúnaithe***

Ag tús 2020, bhí 9 gcomhad a bhain le trádáil neamhcheadúnaithe ar láimh ag an Údarás. I rith 2020, osclaíodh 47 comhad i ndáil le tuairiscí a fuarthas maidir le trádáil neamhcheadúnaithe. Tugtar léargas ginearálta i gCairt 15 ar stádas na gcomhad neamhcheadúnaithe uile ag deireadh na bliana.

**Cairt 15** *Stádas Gearáin na gComhad Neamhcheadúnaithe ag Deireadh na Bliana*

| Stádas na gComhad Neamhcheadúnaithe Ag Deireadh na Bliana | Líon na gComhad Neamhcheadúnaithe |
|---|---|
| Comhaid atá curtha i gcrích tar éis an mheasúnaithe tosaigh | 17 |
| Comhaid atá curtha i gcrích tar éis an imscrúdaithe in 2020 | 6 |
| Céim an Iniúchta | 4 |
| Céim an Mheasúnaithe Tosaigh | 29 |

As na 17 comhad a cuireadh i gcrích tar éis an chéad mheasúnaithe, fuarthas amach nár theastaigh ceadúnas ón trádálaí, go raibh stop curtha aige le trádáil nó go raibh sé ceadaithe ag an Údarás. Maidir leis na sé chás a tugadh chun críche tar éis imscrúdú a bheith déanta orthu, cúisíodh dhá chás, cuireadh críoch le cás amháin tar éis gur éirigh le hiarratas chuig an Ard-Chúirt ar urghaire. Sna trí chás eile, fuarthas amach san imscrúdú nach raibh aon fhianaise ann go raibh trádáil ar bun.

## Iniúchadh ar Chaighdeáin i dtaca le Soláthar Seirbhísí Maoine

Déanann an tÚdarás imscrúduithe iniúchóireachta (iniúchtaí) maidir le comhlíonadh ar gach gnólacht ceadúnaithe. Cuireann an próiseas iniúchóireachta uirlis thábhachtach ar fáil chun oideachas a chur ar ghnólachtaí ceadúnaithe agus iad a chur ar an eolas faoi na caighdeáin is gá agus iad ag feidhmiú mar SSM ceadúnaithe. Cinntíonn imscrúduithe iniúchóireachta go bhfuiltear ag cloí le forálacha reachtúla an Achta agus le rialacháin an Achta agus tugann sé muinín do chliaint agus iad ag baint leasa as seirbhísí Soláthraithe Seirbhísí Maoine. Is bealach éifeachtach iad na himscrúduithe iniúchóireachta freisin chun dul i dteagmháil le gnólachtaí ceadúnaithe agus chun an tÚdarás a chur ar an eolas faoi fhadhbanna ag leibhéal na talún. Tá an chuma ar chlár cúig bliana, a leagadh amach chun iniúchtaí earnála a chur i gcrích, agus a thosaigh ag deireadh 2016, go mbeidh sé curtha i gcrích laistigh den tréimhse ama a bhí leagtha amach dó.

Chomh maith le foireann an Údaráis a bheith ag déanamh iniúchtaí, tá an chuideachta, IP Forensics Ltd, fostaithe ar conradh ag an Údarás chun iniúchtaí a dhéanamh thar a cheann.

Bhí tionchar ag tús phaindéim Covid 19 i Márta 2020 ar chumas an Chigire cuairt a thabhairt ar áitreabh gnó na SSM ceadúnaithe agus cuireadh an próiseas iniúchóireachta ar fionraí. Chun leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a oibleagáidí reachtúla faoin Acht, thug an tÚdarás isteach córas chun iniúchtaí a dhéanamh go cianda. Chuir an tÚdarás 281 imscrúdú iniúchóireachta i gcrích i rith na bliana agus bhí 293 imscrúdú ar siúl i gcónaí ar an 31 Nollaig 2020.

Léirítear i gCairt 16 líon iomlán na ngnólachtaí ceadúnaithe in aghaidh an chontae, agus líon na n-imscrúduithe iniúchóireachta a rinneadh i ngach contae sa bhliain 2020.

**Cairt 16** *Líon na nImscrúduithe Iniúchóireachta ar Chomhlíonadh a Cuireadh i gCrích in 2020*

| CONTAE | Líon na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe (Gnólachtaí) | Líon na nIniúchtaí a Cuireadh i gCrích in 2020 | Líon na nIniúchtaí a bhí ar siúl i gcónaí ar an 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 17 | 0 | 2 |
| An Cabhán | 37 | 0 | 8 |
| An Clár | 40 | 0 | 4 |
| Corcaigh | 203 | 35 | 46 |
| Dún na nGall | 59 | 7 | 6 |
| Baile Átha Cliath | 557 | 85 | 102 |
| Gaillimh | 113 | 24 | 10 |
| Ciarraí | 59 | 5 | 10 |
| Cill Dara | 73 | 30 | 4 |
| Cill Chainnigh | 33 | 0 | 5 |
| Laois | 31 | 5 | 5 |
| Liatroim | 21 | 2 | 6 |
| Luimneach | 59 | 8 | 6 |
| An Longfort | 25 | 2 | 4 |
| Lú | 46 | 7 | 8 |
| Maigh Eo | 58 | 9 | 4 |
| An Mhí | 48 | 3 | 12 |
| Muineachán | 18 | 1 | 1 |
| Uíbh Fhailí | 24 | 4 | 2 |
| Ros Comáin | 32 | 4 | 5 |
| Sligeach | 37 | 4 | 5 |
| Tiobraid Árann | 58 | 11 | 10 |
| Port Láirge | 47 | 8 | 9 |
| An Iarmhí | 43 | 10 | 6 |
| Loch Garman | 41 | 12 | 7 |
| Cill Mhantáin | 46 | 5 | 6 |
| IOMLÁN | 1825 | 281 | 293 |


Tá iniúchtaí curtha i gcrích ar 1,616 gnólacht ceadúnaithe go dtí seo agus tá an clár iniúchóireachta cúig bliana le bheith críochnaithe ar an sprioc faoi lár 2021. Rinneadh iniúchadh ar roinnt SSM ceadúnaithe níos mó ná uair amháin i gcás go raibh ábhar imní aitheanta ag an Údarás.

### *Cinntí na nIniúchtaí agus Smachtbhannaí*

Tar éis 281 iniúchadh ar ghnólachtaí ceadúnaithe a bheith curtha i gcrích in 2020, bhí thart ar 188 (67%) acu ag comhlíonadh ailt iniúchta an Achta. Aithníodh sáruithe in 88 cás (31%) agus gearradh mion-smachtbhannaí sna cásanna sin. I 5 chás (2%), ní raibh SSM ceadúnaithe ag cur seirbhísí maoine ar fáil.

Sonraítear i gCairt 17 briseadh síos ar na mion-smachtbhannaí a gearradh ar 88 gnólacht ceadúnaithe. I gcásanna áirithe, cuireadh níos mó ná mion-smachtbhanna amháin i bhfeidhm agus, mar thoradh air sin, tá líon na mion-smachtbhannaí níos mó ná líon na ngnólachtaí a bhfuil smachtbhanna curtha orthu. Bhain na smachtbhannaí a gearradh le sáruithe ar an Acht agus ar na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

**Cairt 17** *Mion-smachtbhannaí na nIniúchtaí a Gearradh in 2020*





Níor gearradh aon smachtbhanna mór maidir leis na himscrúduithe iniúchóireachta ar chomhlíonadh a rinneadh sa bhliain 2020.

### *Sáruithe a Aithníodh*

Léirigh torthaí na himscrúduithe iniúchóireachta ar chomhlíonadh don bhliain 2020 roinnt sáruithe san earnáil maidir le Litreacha Comhaontaithe, na Rialacháin maidir le hAirgead Cliaint, Seilbh, Léiriú agus Taispeáint ceadúnais, Taifid a Choinneáil, Fógraíocht a dhéanamh ar mhaoin ar phraghas níos ísle ná an méid a comhaontaíodh leis an gCliant agus gan Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a bheith curtha i gcrích ag ceadúnaithe. Déantar tuilleadh briseadh síos i gCairt 18 ar chásanna na sáruithe a fuarthas san iniúchadh. I gcásanna áirithe fuarthas amach go ndearnadh níos mó ná sárú amháin i ndáil le gnólachtaí a ndearnadh iniúchadh orthu.

**Cairt 18** *Imscrúduithe Iniúchóireachta ar Chomhlíonadh in 2020 – Sáruithe a Aithníodh*




### *Achomhairc i gcoinne Smachtbhannaí a Gearradh*

I rith 2020 fuair an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine 4 achomharc in aghaidh smachtbhannaí iniúchóireachta a ghearr an tÚdarás.

Bhreithnigh an BASM trí chás achomhairc in 2020. I gcás amháin, cuireadh ar ceal an smachtbhanna Rabhaidh a ghearr an tÚdarás maidir le litir chomhaontaithe a bheith in easnamh. Tar éis don BASM an t-achomharc a bhreithniú, fuarthas amach nach raibh litir chomhaontaithe ag teastáil sa chás seo ó tharla go raibh an mhaoin a bhí i gceist faoi úinéireacht an cheadúnaí. Fuarthas nár sáraíodh alt 43(1) den Acht.

Sa dara cás laghdaíodh an smachtbhanna Rabhaidh a bhí gearrtha ag an Údarás i ndáil le sárú ar a.43(1)(a) den Acht, ní raibh aon litir chomhaontaithe i bhfeidhm, ó Rabhadh go Foláireamh tar éis alt a.73 den Acht a bheith breithnithe. Rinne an BASM, le linn dó smachtbhanna Rabhaidh an Údaráis a chur ar ceal, cinneadh freisin nach bhféadfaí cinneadh a bheith ann nár comhlíonadh a.43(2)(b) den Acht ó tharla gur réamhriachtanas é le haghaidh cinnidh faoin alt seo is é go bhfuil litir chomhaontaithe eisithe.

Sa tríú cás, ar thosca maolaithe a fháil ón gceadúnaí, chealaigh an BASM an smachtbhanna Rabhaidh a ghearr an tÚdarás i ndáil le halt 43(1) den Acht, gan aon litir chomhaontaithe a bheith in áit. Laghdaigh sé freisin an smachtbhanna Rabhaidh go Comhairle maidir le a.43(2)(b) mar gur thug an Bord Achomhairc aird ar na hiarrachtaí a rinne an ceadúnaí chun an litir chomhaontaithe a fháil sínithe. Tá an ceathrú cás ar siúl i gcónaí ag deireadh na bliana.

## An Ciste Cúitimh

Riarann an tÚdarás an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine (an Ciste) a bunaíodh faoin Acht. Maoinítear an Ciste le ranníocaíochtaí bliantúla ón earnáil inarb ionann an leibhéal ranníocaíochta atá iníoctha isteach sa Chiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine is €200 in aghaidh na bliana agus €50 in aghaidh na bliana d'Fhostaí.

Féadfaidh an tÚdarás, más deimhin leis gur bhain caillteanas do chliant Soláthraí Seirbhísí Maoine mar gheall ar mhí-ionracas an Soláthraí Seirbhísí Maoine agus, faoi réir choinníollacha áirithe a shonraítear san Acht, deontas a thabhairt as an gCiste don chliant.

Ar an 31 Nollaig 2020, b'ionann an méid a bhí ar sochar sa Chiste agus thart ar €4 mhilliún.

Tá cinntí an Údaráis a bhaineann le héilimh ar an gCiste Cúitimh faoi réir achomhairc chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (BASM).

### Achomharc na hArd-Chúirte ar phointe dlí

I dtreo dheireadh na bliana 2018, dhiúltaigh an tÚdarás éileamh ar an gCiste Cúitimh a cheadú i gcás gníomhartha oibritheora neamhcheadúnaithe a bhí ceadúnaithe roimhe sin. Rinneadh an cinneadh seo a achomharc chuig an BASM a cheadaigh an t-achomharc agus a d'ordaigh go dtabharfaí deontas €5,000 ón gCiste.

D'aontaigh Bord an Údaráis, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar chinneadh achomhairc an BASM, agus ag tabhairt san áireamh tionchar chinneadh an BASM ar an gCiste, an cinneadh ar phointe dlí a achomharc chuig an Ard-Chúirt.

Sheas an Breitheamh Peter Kelly Uasal le hachomharc an Údaráis agus dheimhnigh sé, tar éis dó breithniú a dhéanamh ar an aighneacht a rinne an tÚdarás, ó tharla go mbaineann Alt 78 den Acht (a bhaineann leis an gCiste) go sonrach le SSM ceadúnaithe, agus nach ndéantar tagairt ann do SSM a bhí ceadúnaithe roimhe sin, nach féidir le hAlt 78 feidhm a bheith aige i gcás SSM a bhí ceadúnaithe roimhe sin. Bhí an tUachtarán den tuairim sin mar go bhforáiltear go sonrach le halt 2(5) den Acht nach féidir an téarma SSM ceadúnaithe a fhorléiriú le SSM a bhí ceadúnaithe roimhe sin a thabhairt san áireamh ach amháin i ndáil le Cuid 7 den Acht (Gearáin, Imscrúduithe, Pionóis). Níl Cuid 9 (An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine) san áireamh sa leathnú seo ar an míniú ar SSM ceadúnaithe dá bhforáiltear in alt 2(5) den Acht.

### Éilimh ar an gCiste Cúitimh 2020

Ar an 1 Eanáir 2020, bhí 79 éileamh ar an gCiste Cúitimh ag fanacht ar chinneadh ón Údarás, agus fuarthas 5 éileamh breise ar an gciste cúitimh i rith na bliana. In 2020, rinne an tÚdarás cinneadh maidir le 77 éileamh san iomlán, agus 7 gcinn acu ag fanacht ar chinneadh ar an 31 Nollaig 2020.

Leagtar amach i gCairt 19 éilimh a próiseáladh in 2020. As an 77 éileamh a ndearnadh cinneadh orthu, ceadaíodh éileamh amháin ina iomláine agus diúltaíodh 76 éileamh.

**Cairt 19** *Achoimre ar Éilimh ar an gCiste Cúitimh i rith 2020*

| Éilimh ar an gCiste Cúitimh | Líon na nÉileamh |
|---|---|
| Éilimh Chúitimh ar Láimh ar an 1 Eanáir 2020 | 79 |
| Éilimh a Fuarthas in 2020 | 5 |
| Deontais a tugadh in 2020 | |
| Éilimh a Ceadaíodh ina nIomláine | 1 |
| Éilimh Diúltaithe | 76 |
| Éilimh ar Láimh ar an 31 Nollaig 2020 | 7 |
| Iomlán na nDeontas a ceadaíodh as an gCiste | 1 |
| Méid iomlán na nDeontas a tugadh as an gCiste | €3,900 |

Deontas amháin arbh fhiú €3,900 é a bhí tughta amach ón gCiste faoi dheireadh na bliana. Dhiúltaigh an tÚdarás 76 éileamh san iomlán ar an gciste sa bhliain 2020. Bhain 74 de na héilimh seo le soláthraí seirbhísí maoine amháin a bhí gan cheadúnas tráth ar tharla an caillteanas.

### Achomhairc in aghaidh Cinntí maidir leis an gCiste Cúitimh

Tar éis gur dhiúltaigh an tÚdarás deontais a thabhairt d'iarratasóirí ón gCiste Cúitimh le linn 2020, rinneadh achomharc i 6 chás chuig an BASM i ndáil le cinntí an Údaráis a rinneadh in 2020. Bhí 9 gcás san iomlán os comhair an BASM i gcomhair cinnidh in 2020. Rinne an BASM breithniú ar 3 chás achomhairc, ag seasamh le cinneadh an Údaráis i ngach ceann de na trí chás sin. Bhí 6 chás achomhairc ar an iomlán ag fanacht ar chinneadh ón BASM ag deireadh na bliana.

**Cás-Staidéar**

Fuair an tÚdarás éileamh ar dheontas ón gCiste Cúitimh maidir le líomhain gur coinníodh éarlais áirithinte a íocadh le hiarcheadúnaí. Bhí ceadúnas an tSoláthraí Seirbhísí Maoine imithe in éag nuair a d'íoc an ceannaitheoir ionchasach an éarlais. Ba é cinneadh an Údaráis an deontas a dhiúltú ina iomláine ó tharla nach raibh an SSM a bhí ceadúnaithe roimhe sin ceadúnaithe ar an dáta ar íocadh an éarlais áirithinte.

Rinneadh an cinneadh seo a achomharc chuig an BASM agus sheas an BASM le cinneadh an Údaráis de réir alt 78 den Acht agus mar a bhreithnigh an Ard-Chúirt sa chás *An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus Thady Kelly* nach raibh an chumhacht ag an Údarás an cúiteamh a bhí á lorg a cheadú sa chás nach raibh an soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe.



*Árachas a chur ar an gCiste Cúitimh*

Chuir an tÚdarás árachas in athuair ar an gCiste Cúitimh i mí Dheireadh Fómhair 2020 chun an Ciste a chosaint agus chun a chinntiú gur féidir freastal ar éilimh ar an gCiste.

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Thionóil an tÚdarás ócáid teacht le chéile ar FGL i mí Feabhra 2020 chun freastal ar SSM ceadúnaithe nár chríochnaigh FGL éigeantach 5 uair an chloig an Údaráis in 2019. Mar thoradh ar an ócáid sin, bhí an ráta foriomlán comhlíonta do 2019 ag 98%.

Cuireadh tús le séasúr FGL 2020 an Údaráis go luath i mí an Mhárta nuair a d'óstáil an Institiúid Ceantálaithe agus Luachálaithe Gairmiúla (IPAV) imeachtaí ar an láthair i gCorcaigh agus i Luimneach. Go gairid ina dhiaidh sin, mar gheall ar shrianta a cuireadh i bhfeidhm mar thoradh ar phaindéim Covid-19, b'éigean imeachtaí uile FGL an Údaráis a bhí beartaithe do 2020, agus a bhí le reáchtáil ar an láthair, a chur ar athló agus a chur ar ceal ina dhiaidh sin.

## Leasú ar Reachtaíocht FGL an Údaráis

Foráladh leis an reachtaíocht reatha FGL go bhféadfaí dhá cheann de na cúig uair an chloig de FGL an Údaráis a chur i gcrích ar líne. Mar gheall ar phaindéim Covid 19, agus i gcomhaontú leis na soláthraithe lena chinntiú go bhféadfadh gach SSM ceadúnaithe an ceanglas iomlán FGL a chomhlíonadh, dhréachtaigh an tÚdarás Rialacháin leasaithe Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Inniúlacht Ghairmiúil Ceadúnaithe a Chothabháil) (Leasú) 2020 I.R. 348 de 2020 Forálann an IR a raibh tosach feidhme leis i Meán Fómhair 2020 gur féidir gach FGL de chuid an Údaráis a chur i gcrích ar líne. Chuir an dá sholáthraí creidiúnaithe, an IPAV & Cumann suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI), seimineáir ghréasáin éagsúla agus modúil ar éileamh ar fáil lena chinntiú go bhféadfadh SSM ceadúnaithe a gceanglas reachtúil FGL a chomhlíonadh go hiomlán.

Ba é an ráta comhlíontachta ar an 31 Nollaig 2020 ná 77% le síneadh ceadaithe go dtí an 31 Eanáir 2021 chun freastal ar SSM ceadúnaithe nach raibh FGL an Údaráis críochnaithe acu sa bhliain féilire 2020.







SPRIOC 3

# Rannpháirtíocht Earnála agus Eolas an Phobail ar an Údarás a chur chun cinn

**Tapaíonn an tÚdarás gach deis chun rannpháirtíocht na hearnála agus eolas an phobail ar ról agus ar fheidhm an Údaráis a chur chun cinn.**

## Eolas an Phobail

*Feachtais Meán*

Le linn 2020, d'eagraigh an tÚdarás trí fheachtas eolais sna meáin, ar raidió náisiúnta agus áitiúil, rud a dhírigh aird ar an gcosaint do thomhaltóirí a thugtar nuair a úsáidtear SSM ceadúnaithe agus ar an gceanglas atá ar SSM a bheith ceadúnaithe. Dhírigh an tÚdarás ar fheachtais meán in 2020 mar gheall ar imeachtaí poiblí a bheith curtha ar fionraí mar thoradh ar an bpaindéim.

I mí an Mhárta reáchtáil an tÚdarás feachtas raidió ar feadh seachtaine, ag díriú ar an tábhacht a bhaineann le húsáid a bhaint as soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe agus ar na cosaintí a chuirtear ar fáil do chliaint nuair a úsáidtear soláthraí ceadúnaithe. Chomh maith leis sin, spreag an fógra raidió daoine chun Clár na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe a sheiceáil.

Ba é an tábhacht a bhain le gníomhaire ligin ceadúnaithe an teachtaireacht lárnach a bhí i bhfeachtas meán i mí Lúnasa a bhí dírithe go háirithe ar eolas a mhéadú i measc mic léinn coláiste agus ollscoile a bhí ag lorg lóistín. D'oibrigh an tÚdarás go díreach le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI) chun eolas a scaipeadh go díreach ar mhic léinn trí na pacáistí a chuirtear ar fáil do mhic léinn atá ag tosú sa choláiste agus sna pacáistí eolais ón oifigeach lóistín, chun treisiú ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaire ligin ceadúnaithe a úsáid. Cuireadh fógraí maidir leis an Údarás agus gníomhairí ligin ceadúnaithe ar Daft.ie agus MyHome.ie le linn na tréimhse sin in iarracht díriú ar mhic léinn agus ar a dteaghlaigh a bhí ag úsáid na n-ardán sin chun lóistín a aimsiú.

Reáchtáladh an tríú feachtas ar feadh coicíse i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2020, ag díriú arís ar an tábhacht a bhaineann le húsáid a bhaint as soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe agus na cosaintí a chuirtear ar fáil do chliaint nuair a úsáideann siad soláthraí ceadúnaithe.

## Rannpháirtíocht Earnála

Lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach san earnáil in 2020 trí nuachtlitir a fhoilsiú, ríomhphoist ar leith a sheoladh chuig SSM ceadúnaithe agus tríd an nuacht is deireanaí a chur ar fáil ar an suíomh gréasáin. Bhain an tÚdarás leas freisin as deiseanna chun freastal go fíorúil ar imeachtaí na hearnála.

*Prótacal Comhpháirteach Earnála d'Earnáil na Seirbhísí Maoine Foilsithe*

Bhí sábháilteacht na bhfostaithe agus na gcliant ar an bpríomhthosaíocht don earnáil seirbhísí maoine in 2020. I mí an Mhárta, amhail go leor gnólachtaí eile, dúnadh an earnáil.

Mar ullmhúchán d'athoscailt na hearnála, d'fhorbair an tÚdarás, i gcomhar leis an IPAV agus an SCSI agus a bhfoireann, Prótacal Comhpháirteach Earnála do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine. Bhí sé i gceist leis an bPrótacal a chinntiú go nglacfaí réamhchúraimí diana chun na caighdeáin is airde sábháilteachta a chur ar fáil maidir le ceant, díolachán, ligean, luachálacha agus bainistiú maoine do chliaint, do thomhaltóirí, d'fhostaithe agus d'fhostóirí.

Cuireadh treoirlínte mionsonraithe ar fáil sa cháipéis, mar shampla, maidir le socruithe a chaithfidh a bheith i bhfeidhm agus cúraimí atá le déanamh roimh bhreathnú ar mhaoin, lena linn agus ina dhiaidh.

*Foilsiú na Treorach do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine chun an Plean Maidir le Maireachtáil le Covid-19 a chur i bhFeidhm*

I bhfómhar na bliana 2020, tar éis don Rialtas an Plean Maidir le Maireachtáil le Covid-19 a fhoilsiú, d'fhoilsigh an tÚdarás i gcomhar leis IPAV agus an SCSI Treoir do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine chun an Plean Maidir le Maireachtáil le Covid-19 a chur i bhfeidhm. Leagadh amach sa treoir sin bearta breise a bhfuiltear le tabhairt fúthu ag na leibhéil dhifriúla atá leagtha amach sa Phlean.

Scríobhadh an Prótacal agus na cáipéisí Treorach araon i gcomhar le treoirlínte an Rialtais, FSS agus na Roinne Sláinte ar na hábhair seo.








SPRIOC 4

# Na Cláir Phoiblí a Chothabháil

## Na Cláir Phoiblí

**Foilsíonn an tÚdarás trí chlár, eadhon, an Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe, an Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe agus an Clár Léasanna Tráchtála.**

### *An Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe*

Foilsítear sa Chlár Praghsanna Réadmhaoine Chónaithe praghas, dáta díolacháin agus seoladh gach maoin chónaithe a díoladh in Éirinn ó Eanáir 2010. Is ó rannóg Ríomh-Stampála na gCoimisinéirí Ioncaim a fhaightear an t-eolas faoi dhíolacháin praghsanna maoine. Déantar an t-eolas seo a nuashonrú ar bhonn seachtainiúil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. In 2020 tugadh 1.91 milliún cuairt ar an gClár Praghsanna Réadmhaoine, rud a fhágann gurb é seo an clár de chuid an Údaráis is mó a dtugtar cuairt air.

### *An Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe*

Foilsítear an Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe go seachtainiúil ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Is é feidhm an Chláir ná an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an Soláthraí Seirbhísí Maoine (SSM), ar mian leo leas a bhaint as a seirbhísí, ceadúnaithe agus i dteideal de réir an dlí seirbhísí maoine a chur ar fáil. Trí úsáid a bhaint as soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe, tá cosaintí ar fáil don chliant faoin Acht. I measc na sonraí a fhoilsítear ar an gClár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe, tá:

- Uimhir an Cheadúnais;
- Ainm an Cheadúnaí;
- Seoladh gnó an fhostóra nó an seoladh gnó a bhaineann leis an eintiteas ceadúnaithe/an duine aonair;
- Ainm an ghnó, más infheidhme;
- An Aicme Soláthraí, i.e. Cuideachta, Comhpháirtíocht, Fostóir Seirbhísí Maoine, Conraitheoir Neamhspleách, Stiúrthóir, Rúnaí, Páirtí, Bainisteoir nó Fostaí;
- Dáta éaga an cheadúnais;
- Cineál Ceadúnais.

### *An Clár Léasanna Tráchtála*

Tá oibleagáid reachtúil ar thionóntaí maoine tráchtála an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil don Údarás maidir le léasanna tráchtála a ndeachaigh siad ina mbun ar an 3 Aibreán 2012 nó ina dhiaidh sin:

- Seoladh na maoine tráchtála atá ar léas;
- Dáta léasa na maoine;
- Fad an léasa;
- An cíos is iníoctha i leith na maoine;
- Dáta tosaithe théarmaí an léasa;
- An chomaoin chaipitil (más ann di) atá le híoc ag an tionónta nó ag an tiarna talún i leith na maoine tráchtála is ábhar don léas;
- Minicíocht an athbhreithnithe cíosa i leith na maoine;
- Na sonraí i ndáil le cé atá faoi dhliteanas i leith na rátaí, an árachais, na táillí seirbhíse agus na ndeisiúchán i leith na maoine;
- Achar glan urláir na maoine, in aghaidh gach urláir;
- Na sonraí (más ann dóibh) a bhaineann le tréimhsí saor ó chíos, leis an am a cheadaítear i gcomhair feistithe, le liúntais feistithe agus le ranníocaíochtaí caipitil i leith na maoine;
- Na sonraí a bhaineann le haon chlásal scoir sa léas;
- Uimhir Aitheantais an Doiciméid Stampála.

Foráiltear le hAlt 88 den Acht go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil orthu siúd a ghlacann léas tráchtála tuilleadh sonraí faoin léas a chur faoi bhráid bhunachar sonraí léasanna tráchtála an Údaráis laistigh de 30 lá.

Leanann an tÚdarás lena iarrachtaí chun comhlíonadh a chur chun cinn agus a spreagadh sa réimse seo.

Tugtar briseadh síos i gCairt 20 ar an ráta maidir le comhlíonadh de réir contae ag deireadh 2020 i gcomparáid le deireadh 2019.


**Cairt 20** *Ráta de Chomhlíonadh ina Chéatadáin de Réir Contae*

| Ráta de Chomhlíonadh ina Chéatadán de Réir Contae 2020 v 2019 | | | |
|---|---|---|---|
| **Contae** | **2020** | **2019** | **Athrú +/-** |
| Ceatharlach | 62.95 | 65.29 | -2.34 |
| An Cabhán | 61.17 | 62.03 | -0.86 |
| An Clár | 68.15 | 63.66 | 4.49 |
| Corcaigh | 71.95 | 71.57 | 0.38 |
| Dún na nGall | 65.82 | 64.28 | 1.54 |
| Baile Átha Cliath | 62.77 | 63.67 | -0.90 |
| Gaillimh | 63.38 | 63.69 | -0.31 |
| Ciarraí | 68.06 | 64.9 | 3.16 |
| Cill Dara | 59.29 | 60.89 | -1.60 |
| Cill Chainnigh | 68.18 | 69.89 | -1.71 |
| Laois | 67.00 | 69.18 | -2.18 |
| Liatroim | 65.22 | 66.26 | -1.04 |
| Luimneach | 57.24 | 56.03 | 1.21 |
| An Longfort | 62.13 | 60.91 | 1.22 |
| Lú | 62.19 | 59.42 | 2.77 |
| Maigh Eo | 65.98 | 64.48 | 1.50 |
| An Mhí | 60.14 | 61.51 | -1.37 |
| Muineachán | 60.69 | 60.94 | -0.25 |
| Uíbh Fhailí | 64.34 | 65.98 | -1.64 |
| Ros Comáin | 62.31 | 60.57 | 1.74 |
| Sligeach | 60.98 | 60.77 | 0.21 |
| Tiobraid Árann | 70.69 | 70.33 | 0.36 |
| Port Láirge | 66.46 | 67.89 | -1.43 |
| An Iarmhí | 62.10 | 61.72 | 0.38 |
| Loch Garman | 66.83 | 65.8 | 1.03 |
| Cill Mhantáin | 60.60 | 59.86 | 0.74 |

Ba ionann 65.17% is an ráta foriomlán de chomhlíonadh go náisiúnta ag deireadh 2020, ar laghdú beag 0.03% é i gcomparáid leis an ráta ag deireadh 2019. Chruthaigh na srianta a bhain le COVID-19 mórán dúshlán suntasach maidir leis an ráta de chomhlíonadh a choinneáil. I rith 2020, foilsíodh 4,063 tuairisceán léasa, rud a d'fhág gur breis agus 40,000 tuairisceán léasa san iomlán a foilsíodh ar an gClár ón 3 Aibreán 2012.

Tugtar briseadh síos de réir céatadáin i gCairt 21 ar thuairisceáin léasa de réir maoine e.g. maoin talmhaíochta, oifige, miondíola, tionsclaíochta, eile agus meascán de níos mó ná cineál amháin maoine, do gach tuairisceán léasa a cuireadh chuig an Údarás in 2020. Ba é an cineál maoine ba mhó ar cuireadh tuairisceáin isteach ina leith in 2020 ná talamh talmhaíochta agus cuimsíonn sé sin beagnach 43% de na tuairisceáin a rinneadh.

**Cairt 21** *Tuairisceáin Léasa de réir Cineál Maoine in 2020*




## SPRIOC 5 Eagraíocht Éifeachtúil agus Éifeachtach a Chur ar Fáil


### *Acmhainní Foirne*

**Déantar monatóireacht leanúnach ar struchtúr foirne na heagraíochta agus déantar é a thagarmharcáil de réir spriocanna agus cuspóirí sonraithe.**

De réir mar a leanann an méadú atá ag teacht ar ghníomhaíochtaí an Údaráis, déantar athbhreithniú de réir mar is cuí ar an acmhainneacht agus ar an struchtúr agus sa chás go mbíonn aon acmhainní breise ag teastáil, téann an tÚdarás i mbun cainteanna le Rialachas Sibhialta agus Acmhainní Daonna sa Roinn Dlí agus Cirt.

Cuireadh foireann bhreise ar fáil don Údarás in 2020 nuair a fostaíodh 3 Oifigeach Feidhmiúcháin (OF) agus 1 Oifigeach Cléireachais (OC). Tugadh arduithe céime inmheánacha freisin i rith na bliana agus fuair 1 OF ardú céime go AOF agus fuair 1 OC ardú céime go OF. Mar thoradh ar na hathruithe seo ar an soláthar foirne, tá struchtúr foirne an Údaráis anois mar a léirítear é i gCairt 22. Cuirtear san áireamh sa Chairt freisin foireann an Údaráis a d'fhág le linn 2020 mar gheall ar ardú céime, sos gairme, scor agus aistrithe. Dá ainneoin sin, bhí acmhainní foirne ar cheann de thosaíochtaí leanúnacha an Údaráis i gcónaí.

Ag deireadh na bliana, bhí 30.8 ball foirne ag an Údarás i dteannta an Phríomhfheidhmeannaigh. Léirítear i gCairt Struchtúr na Foirne an fhoireann lánaimseartha coibhéiseach de réir gráid – 2 POC, 11.8 AOF, 8 OF agus 8 OC.




PF – Príomhfheidhmeannach, POC – Príomhoifigeach Cúnta, AOF – Ardoifigeach Feidhmiúcháin, OF – Oifigeach Feidhmiúcháin, OC – Oifigeach Cléireachais

### *Acmhainní ar Conradh*

Lean IP Forensics Ltd. d'imscrúduithe a dhéanamh thar ceann an Údaráis in 2020. Chomh maith leis na himscrúduithe iniúchóireachta ar chomhlíonadh a rinneadh, chuidigh na Cigirí ar conradh le gearáin a imscrúdú.

### *Acmhainní Sealadacha*

Mar gheall ar phaindéim Covid-19, ní raibh an tÚdarás in ann leas a bhaint as tacaíocht ó oifigigh chléireachais shealadacha i rith 2020 chun cabhrú le hiarratais ar athnuachan a phróiseáil le linn na tréimhse athnuachana ba ghnóthaí sa bhliain. Dá réir sin, rinneadh athbhreithniú ar na próisis cheadúnúcháin agus tugadh roinnt beart isteach chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas acmhainní sealadacha, amhail fógraí athnuachana a eisiúint níos túisce dóibh siúd a raibh dáta éaga acu a bhí ag titim laistigh den tréimhse ba ghnóthaí. Cuireadh baill foirne ó réimsí eile an Údaráis i mbun oibre leis an bhfoireann Cheadúnúcháin agus i róil eile laistigh den Údarás ar bhonn páirtaimseartha agus go sealadach le linn na tréimhse athnuachana ceadúnais ba ghnóthaí den bhliain. Rinneadh é sin chun a chinntiú nach mbeadh aon tionchar ag an am próiseála ar athnuachan na gceadúnas agus go leanfaí le hobair an Údaráis ar bhealach éifeachtúil.

### *Maoiniú an Údaráis*

Íoctar na táillí a ghineann an tÚdarás go díreach isteach sa Státchiste gach bliain agus cuireann an Státchiste soláthar airgeadais ar fáil ansin don Údarás. Is é €1,000 in aghaidh na bliana an táille cheadúnais nó an táille athnuachana ceadúnais atá iníoctha ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus is é €100 in aghaidh na bliana an táille d'Fhostaí. In 2020, d'aistrigh an tÚdarás €2,210,000 de tháillí ceadúnais chuig an Státchiste.

### *Rialachas Corparáideach*

Tá Rialachas Corparáideach laistigh den Údarás á threorú ag an méid seo a leanas:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011;
- An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- An Cód Iompraíochta Gnó do chomhaltaí an Údaráis; agus
- Nósanna imeachta Airgeadais agus Soláthair.

Mar chomhlacht poiblí, comhlíonann an tÚdarás gach ábhar ábhartha a bhaineann le rialachas corparáideach atá eisithe ag an Roinn Dlí agus Cirt, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Roinn Rialtais eile. Rinne an tÚdarás Comhaontú Maoirseachta trí bliana leis an Roinn Dlí agus Cirt in 2020 chun an tréimhse 2020-2022 a chlúdach. Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás Comhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt don bhliain 2020. Is féidir an dá chomhaontú sin a fháil ar shuíomhanna gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus an Údaráis. Is féidir cóip de na Comhaontuithe a fheiceáil anseo.

Tugtar sainordú sa Chomhaontú Maoirseachta do chomhlíonadh leanúnach cheanglais ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Leagtar amach sa Chomhaontú Soláthar Feidhmíochta príomhaidhmeanna an Údaráis do 2020 agus sainítear ann na táscairí aschuir agus toraidh ar cheart feidhmíocht a thomhas ina leith. Rinneadh athbhreithniú ar an dá chomhaontú i rith na bliana agus chomhlíon an tÚdarás a cheanglais i ndáil leis na comhaontuithe sin.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus breith a thabhairt gur léargas fírinneach cóir iad na ráitis airgeadais do 2020 ar fheidhmíocht airgeadais an Údaráis agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana sin. Tá a chuid oibleagáidí uile faoin dlí cánach comhlíonta ag an Údarás.

Ós rud é go dtagann an tÚdarás faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt, tá sé faoi réir iniúchadh bliantúil a dhéanann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne. Chomh maith leis sin, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) iniúchadh bliantúil ar an Údarás lena chinntiú go bhfuil leabhair chuntais chuí ann, go gcoinnítear le próisis agus go gcloítear le nósanna imeachta.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás na feidhmeanna sin faoi mar a fhoráiltear faoi alt 19 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, lena n-áirítear pé eolas a chur ar fáil de réir mar is gá, maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin. Ag gach cruinniú den Údarás, cuireann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí faoin bPlean Straitéiseach agus faoin gClár Rioscaí i láthair. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán do chinntiú go gcothaíonn an tÚdarás cultúr láidir rialachais chorparáidigh i ngach ceann dá fheidhmeanna agus dá fhreagrachtaí.

### *An Cód Caiteachais Phoiblí*

Chloígh an tÚdarás leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i rith na bliana.



> ***Mar gheall ar phaindéim Covid-19, ní raibh an tÚdarás in ann leas a bhaint as tacaíocht ó oifigigh chléireachais shealadacha i rith 2020 chun cabhrú le hiarratais ar athnuachan a phróiseáil le linn na tréimhse athnuachana ba ghnóthaí sa bhliain.***

### Oibriú an Údaráis

Is é Cathaoirleach an Údaráis atá i gceannas ar an mBord agus a chinntíonn go bhfuil sé éifeachtach trí eagrú a ghnó agus trína chlár oibre a shocrú. Chomh maith leis an gCathaoirleach, tá deichniúr comhaltaí eile san Údarás a bhfuil réimse leathan scileanna láidre agus comhlántacha acu. Roimh gach cruinniú de chuid an Údaráis, cuirtear na tuarascálacha agus na páipéir ábhartha, lena n-áirítear sonraí feidhmíochta airgeadais agus mionsonraí ar an dul chun cinn is deireanaí agus ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh de réir mar is cuí, ar fáil do chomhaltaí an Údaráis. Bíonn an deis ag an mBord na tuarascálacha sin a phlé agus an scéal i deireanaí a fháil ón bPríomhfheidhmeannach a dhéanann freastal ar chruinnithe an Bhoird. Mar gheall ar phaindéim Covid 19, thug an tÚdarás isteach modh chun cruinnithe Boird a reáchtáil trí fhíschomhdháil.

I measc phríomhfhreagrachtaí an Bhoird tá:

- Plean bliantúil agus buiséad bliantúil an Údaráis a mheas agus a cheadú;
- Saincheisteanna polasaí, amhail Pleananna Straitéiseacha a fhorbairt, athbhreithniú ar réimsí oibre agus comhlíonadh na gCód Cleachtais;
- Coistí comhairleacha nó sainchomhairleoirí a cheapadh;
- Táillí a ghearradh agus a fháil ar ais;
- Rialacháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- An Ciste Cúitimh a riar
- Breithniú ar Thuarascálacha Imscrúduithe Críochnaitheacha

Dheimhnigh agus cheadaigh an Bord sceideal feidhmeanna a tarmligeadh chuig Príomhfheidhmeannach an Údaráis ag an gcruinniú a bhí aige ar an 18 Samhain 2020. Áirítear orthu sin:

- Eisiúint agus diúltú ceadúnas agus nithe gaolmhara;
- Imscrúdú ar ghearáin, lena n-áirítear Cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh;
- An Clár Praghsanna Réadmhaoine agus An Clár Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;
- Iarratais chun na hArd-Chúirte.
- Ceart an Údaráis dul i ndiaidh SSM ceadúnaithe i gcomhair airgead a íocadh as an gCiste Cúitimh (Seachaíocht)

### Measúnú Feidhmíochta an Údaráis

In 2020 thug comhaltaí an Údaráis faoi mheasúnú feidhmíochta féinmheasúnaithe an Údaráis mar a cheanglaítear air faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Cathaoirleach an Bhoird athbhreithniú bliantúil ar na measúnuithe féinmheasúnaithe feidhmíochta agus cuireadh torthaí na measúnuithe sin i láthair ag cruinniú den Bhord ar an 18 Samhain 2020.

### Bainistiú Riosca

Feidhmíonn an tÚdarás polasaí foirmiúil bainistithe riosca agus coinníonn sé Clár Rioscaí de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais, a ndéantar bainistiú air ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir ceaptha chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint agus a mheas go leanúnach, agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe riachtanacha in áit, ag brath ar acmhainní. Is mír bhuan é an Clár Rioscaí ar Chlár Oibre gach cruinniú Boird agus pléitear é freisin ag cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Sonraítear i gCairt 23 na príomhrioscaí féideartha atá aitheanta ag an eagraíocht do 2020 agus na bearta maolaithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a laghdú:

### Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Tá an Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine do 2020 le fáil in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

### Saoráil Faisnéise (FOI)

Tá cúraimí saorála faisnéise ar an Údarás de bharr an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Is é cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise a chinntiú go bhfuil eolas oifigiúil ar fáil don phobal a mhéid is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta.

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine:

- an ceart chun rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí mura bhfuil siad díolmhaithe faoin dlí;
- an ceart chun eolas pearsanta a cheartú nó a nuashonrú i gcás ina bhfuil an t-eolas sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- an ceart chun na cúiseanna a bhí le cinneadh a rinne comhlacht poiblí a fháil amach.

Ar mhaithe lena chinntiú go mbaintear úsáid as an gcleachtas is fearr i riar a fheidhme reachtúla Saorála

**Cairt 23** *Príomhrioscaí atá Aitheanta*

| Príomhriosca atá aitheanta | Bearta Maolaithe in áit |
|---|---|
| Riosca do na cosaintí a bhaineann go dlúth leis an gcóras ceadúnúcháin mar gheall ar oibreoirí neamhcheadúnaithe | o Cigirí ceaptha láithreach chun imscrúdú a dhéanamh ar oibreoirí a tuairiscíodh a bheith neamhcheadúnaithe sa Stát<br>o Nósanna imeachta in áit chun oibreoirí neamhcheadúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint i gcás nach ndéantar ceadúnas a athnuachan<br>o Cigirí ar conradh atá ar fáil chun oibreoirí neamhcheadúnaithe a imscrúdú.<br>o Leas bainte as an bpróiseas maidir le hUrghaire Chúirte nuair is gá<br>o Ionchúisimh curtha i bhfeidhm de réir mar is gá |
| Gan a bheith in ann iarratais ar cheadúnais a phróiseáil ar líne | o Conradh i bhfeidhm le An Post<br>o Cáipéis Dhearbhúcháin faighte ó An Post<br>o Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm le An Post le haghaidh Licences.ie |
| An tÚdarás ag brath ar Theicneolaíocht Chumarsáide agus Faisnéise na Roinne Dlí agus Cirt | o Rianú agus tuairisciú seachtainiúil in áit ag Rialachas TF<br>o Athchóiriú rialta ar chúltacaí tástáilte<br>o Ráiteas urrúis ó Bhainistiú Faisnéise agus Teicneolaíocht na Roinne Dlí agus Cirt<br>o Cruinnithe athbhreithnithe tionólta le BF&T na Roinne D&C maidir leis an gComhaontú Seirbhíse<br>o Tá rialuithe in áit ag an Údarás maidir le soláthar Gléasanna Soghluaiste agus sócmhainní TF<br>o Rialuithe Rochtana d'Úsáideoirí TF – déanann an tÚdarás athbhreithniú rialta ar rochtainí |
| Líon na nÉileamh/Éileamh mór/Éilimh mhóra ar an gCiste Cúitimh | o Árachas ar an gCiste Cúitimh<br>o Nósanna imeachta in áit chun fógra a thabhairt don fhrithghealláí faoi éilimh ar an gCiste<br>o Nósanna imeachta inmheánacha in áit chun éilimh a mheas<br>o Coiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh bunaithe chun éilimh a mheas<br>o Comhairle dlí lorgtha maidir le héilimh i gcás ina bhféadfaí fasaigh a shocrú<br>o Bainistiú caingne dlí ar an gCiste Cúitimh |
| Níl an tÚdarás in ann a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 | o Cumas na foirne uile a bheith ag obair go cianda<br>o Bearta leanúnachais gnó in áit agus athbhreithniú déanta orthu go rialta<br>o Síneadh ceithre mhí ar an gceadúnas ceadaithe<br>o Cian-iniúchtaí faoi lán seoil<br>o Modúil FGL ar líne<br>o Atheagrú ar róil na foirne agus oiliúint curtha ar fáil don fhoireann chúltaca<br>o Áis aisghlaoigh do SSM ceadúnaithe agus don phobal<br>o Teagmháil le BF&T na Roinne D&C maidir le línte fóin a athoscailt |

Faisnéise, tá ball dá fhoireann ag feidhmiú mar Oifigeach um Shaoráil Faisnéise chun cabhrú leis an bpobal an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na nósanna imeachta Saorála Faisnéise.

Fuair an tÚdarás trí cinn déag d'iarratais Saorála Faisnéise sa bhliain 2020 ó na hiarratasóirí seo a leanas:

- an pobal (10);
- iriseoirí (2); agus
- SSM ceadúnaithe (1).

Agus measúnú á dhéanamh ar gach iarratas, d'úsáid an tÚdarás polasaí inar chuir sé roimhe gach iarratas a cheadú, agus ina dhiaidh sin chuir sé an tástáil "díobhála" i bhfeidhm agus an tástáil "leas an phobail" ina dhiaidh sin i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

As na trí cinn déag d'iarratais a fuarthas, bhain sé cinn le heolas pearsanta agus bhain seacht gcinn le heolas neamhphearsanta.

Tugtar achoimre i gCairt 24 ar thoradh gach iarratas saorála faisnéise a fuarthas in 2020

Mar atá le feiceáil i gCairt 24, ceadaíodh iarratas amháin, tarraingíodh siar iarratas amháin, ceadaíodh dhá iarratas i bpáirt agus diúltaíodh sé cinn. Bhí trí iarratas gan réiteach ag deireadh na bliana. Sna cásanna nár ceadaíodh nó nár diúltaíodh ina iomláine iad, thug an tÚdarás míniú mionsonraithe don iarratasóir ar a chinneadh agus ar na cúiseanna a bhí leis.

### Achomhairc SF

Rinneadh trí achomharc ar Shaoráil Faisnéise i rith 2020. I ngach ceann de na trí chás, d'aontaigh an Príomhfheidhmeannach leis an gcéad chinneadh a rinne an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise.

Ag deireadh na bliana, bhí dhá iarratas SF á n-athbhreithniú ag Oifig an Choimisinéara Faisnéise.

### Cosaint Sonraí

Comhlíonann an tÚdarás sé phrionsabal RGCS mar go bhfuil sonraí pearsanta:

1. Próiseáilte ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach;
2. Bailithe chun críocha sonraithe, sainráite agus dlisteanacha agus ní dhéantar tuilleadh próiseála orthu ar bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin;
3. Dóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá;
4. Cruinn agus coinnithe cothrom le dáta;
5. Coinnithe i bhfoirm nach gceadaíonn sainaithint na ndaoine is ábhar do na sonraí ach ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch dá ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil;

**Cairt 24** *Iarratais ar Shaoráil Faisnéise in 2020*

| Tag Comhad | Catagóir an Iarratasóra | Ceadaithe | Ceadaithe i bPáirt | Diúltaithe | Tarraingthe siar | Ag fanacht le Cinneadh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Iriseoir | | X | | | |
| 2. | Duine den Phobal | | | X | | |
| 3. | SSM Ceadúnaithe | | | X | | |
| 4. | Duine den Phobal | | | | X | |
| 5. | Duine den Phobal | | | X | | |
| 6. | Duine den Phobal | | | X | | |
| 7. | Duine den Phobal | | | X | | |
| 8. | Duine den Phobal | | | X | | |
| 9. | Duine den Phobal | X | | | | |
| 10. | Duine den Phobal | | | | | X |
| 11. | Duine den Phobal | | X | | | |
| 12. | Duine den Phobal | | | | | X |
| 13. | Iriseoir | | | | | X |

6. Próiseáilte ar bhealach lena gcinntítear slándáil chuí na sonraí.

Tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ag an Údarás a dhéileálann le hiarratais ó dhaoine ar a sonraí (SAR) agus le sáruithe sonraí, chomh maith le treoir agus polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt i réimse na cosanta sonraí.

In 2020, fuair an tÚdarás dhá iarratas ó dhaoine ar a sonraí. Déileáladh leis an dá iarratas de réir cheanglais na nAchtanna um Chosaint Sonraí.

Bhí ceithre shárú ar chosaint sonraí ag an Údarás in 2020 arbh ionann iad agus sáruithe ar leibhéal íseal. Déileáladh leis na sáruithe sin i gcomhréir le nósanna imeachta an Údaráis maidir le cosaint sonraí.

### An tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta le linn 2020.

### Leasuithe ar an Acht

*Ionstraimí Reachtúla*

Achtaíodh ceithre Ionstraim Reachtúla faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 in 2020, ar bhain trí cinn acu le hathruithe a raibh gá leo mar gheall ar phaindéim Covid-19, eadhon:

- Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Alt 95) (Síneadh le Ceadúnais) 2020 – IR 162 de 2020
- Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Árachas Slánaíochta Gairmiúla) (Leasú) 2020 – IR 161 de 2020
- Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Inniúlacht Ghairmiúil Ceadúnaithe a Chothabháil) (Leasú) 2020 – IR 348 de 2020

Tá eolas ar an ngá a bhí leis na hathruithe seo leagtha amach sna codanna den tuarascáil seo a bhaineann le Ceadúnú agus FGL.

Bhain an ceathrú hIonstraim Reachtúil a achtaíodh le caighdeáin atá le comhlíonadh ag SSM ceadúnaithe agus seirbhísí maoine á gcur ar fáil acu. Thug sé sin chun críche píosa suntasach oibre don Údarás, a rinneadh thar roinnt blianta, lena n-áirítear próiseas fairsing comhairliúcháin le SSM ceadúnaithe. Tá tuilleadh eolais maidir le Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 (Caighdeáin Íosta) 2020 – IR 564 de 2020 leagtha amach sa chuid den tuarascáil seo a bhaineann le hImscrúdú ar Ghearáin.

*Cód Cleachtais*

I gcomhréir le hAlt 18 den Acht, d'fhorbair an tÚdarás Cód Cleachtais do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine in 2020 inar bunaíodh na príomhphrionsabail seo a leanas ar chóir do SSM cloí leo:

- Gníomhú go Gairmiúil
- Macántacht
- Ionracas
- Rúndacht
- Cumarsáid Éifeachtach agus Oscailte
- Forbairt Ghairmiúil

Comhlánaíonn na prionsabail a bhunaítear sa Chód seo na caighdeáin reachtacha reatha atá leagtha amach san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 agus sna Rialacháin ghaolmhara. Chuathas i gcomhairle le roinnt príomhpháirtithe leasmhara, ó earnáil na seirbhísí maoine agus ó ghrúpaí leasa pobail araon, agus an Cód seo á dhréachtú. Cheadaigh Bord an Údaráis an Cód ag a chruinniú an 18 Samhain 2020. Foilseofar é agus scaipfear é ar SSM ag tús na bliana 2021.

*Athbhreithniú ar Árachas Slánaíochta Poiblí (ÁSP)*

Thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar an Ionstraim Reachtúil (I.R.) Reatha i ndáil le ÁSP i rith 2020, i gcomhar le comhairleoir comhairleach árachais. Ag deireadh na bliana, bhí an t-athbhreithniú sin críochnaithe agus aithníodh roinnt saincheisteanna a raibh gá breithniú agus leasú a dhéanamh orthu.

*EU Pilot*

Chomh maith leis sin, bhí an tÚdarás i dteagmháil in 2020 leis an gCoimisiún Eorpach trí Rannán Reachtaíochta Ceartas Sibhialta na Roinne Dlí agus Cirt agus é ag dul i ngleic le leasuithe ar an Acht maidir le soláthraithe ó Bhallstáit an AE ag cur seirbhísí maoine ar fáil. Is é an aidhm atá leis an rannpháiríocht sin a chinntiú go leanfaidh Éire de bheith i gcomhréir le reachtaíocht an AE. Leanfar leis an rannpháirtíocht sa réimse seo in 2021.

### Dualgas na hEarnála Poiblí (an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014)

Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine tiomanta dár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh. Bunaítear le halt 42 den Acht sin dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí idirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint do gach duine lena mbíonn siad ag plé – baill foirne, úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara araon. In 2020, d'fhorbair an tÚdarás

plean gníomhaíochta inar sainaithníodh roinnt réimsí tábhachtacha ar ghá aghaidh a thabhairt orthu agus cuireadh tús leis an obair i roinnt réimsí.

***Saincheisteanna Comhshaoil agus Fuinnimh***

Ní mór don Údarás tuairisciú gach bliain ar ídiú fuinnimh na hoifige agus ar na tionscnaimh ar tugadh fúthu chun feabhas a chur ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. Chuige sin, leanann an tÚdarás de bheith ag comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus oibleagáidí eile maidir le saincheisteanna comhshaoil agus fuinnimh. Cuireadh na sonraí riachtanacha go léir ar fáil in am ar líne d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Bhain an tÚdarás, i gcomhréir le I.R. 426 de 2014 (Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éifeachtúlacht Fuinnimh) laghdú 64.7% amach i dtaca le húsáid fuinnimh faoi dheireadh 2019 inár gceanncheathrú san Uaimh. Tá sé sin níos airde ná an sprioc is gá maidir le laghdú 33% ar úsáid fuinnimh faoin 31 Nollaig 2020.

Tá an tÚdarás tar éis deireadh a chur le gach plaisteach aonúsáide a ordú de réir Chinneadh an Rialtais dar dáta 3 Eanáir 2019.

Bíonn oifigeach feidhmíochta fuinnimh agus bainisteoir feidhmíochta fuinnimh laistigh den Údarás i dteagmháil go gníomhach leis an bhFóram do Bhainisteoirí Fuinnimh agus le Fóram na nOifigeach Feidhmíochta Fuinnimh de chuid na Roinne Dlí agus Cirt.



# Aguisín 1
# Ráitis Airgeadais

## An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020



# Clár Ábhair


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 41 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird | 42 - 45 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 46 - 48 |
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 49 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 50 |
| Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais | 51 |
| Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid | 52 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 53 - 58 |






# Faisnéis Ghinearálta

Ceannoifig an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine
Foirgnimh na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí
C15 K7PY

| | | |
|---|---|---|
| | | Ceapachán tagtha chun deiridh |
| Comhaltaí Boird | Geraldine Clarke (Cathaoirleach) | 27/11/2020 |
| | Paul Mooney | 27/11/2020 |
| | Edward Carey | 27/11/2020 |
| | Muiris O'Ceidigh | |
| | Aideen Hayden | |
| | Hilary Griffey | |
| | Ella Dunphy | |
| | Gordon Hughes | |
| | Emer Byrne | |
| | Orla Moran | |
| | Martin McDermott | Éirithe As 24/06/2020 |
| | | Dáta arna Cheapadh |
| | Michael Quinlan (Cathaoirleach) | 24/03/2021 |
| | Geraldine Hynes | 24/03/2021 |
| | Aine Myler | 24/03/2021 |
| | Seamus Clifford | 24/03/2021 |

| | |
|---|---|
| Feidhmeannach Sinsearach: | Maeve Hogan Uasal, (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) |
| Uimhir Theileafóin: | (046) 903 3800 |
| Uimhir Facs: | (046) 903 3888 |
| Láithreán Gréasáin: | www.psr.ie |
| Ríomhphost: | info@psr.ie |
| Iniúchóirí: | Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath<br>D01 PF72 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis i gCuid 2 Alt 10 den Acht seo. Tá an tÚdarás freagrach don Aire Dlí agus Cirt agus tá sé freagrach as a chinntiú go ndéantar dea-rialachas. Tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir leis na príomhcheisteanna gnó ar fad. Is ar an bPríomhfheidhmeannach (CEO) agus ar an meitheal shinsearach bainistíochta a leagtar an fhreagracht as an ngnáthbhainistíocht ó lá go lá agus as an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine a rialú agus a stiúradh. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don mheitheal shinsearach bainistíochta an stiúir straitéise ghinearálta arna leagan amach ag an Údarás a leanúint agus a chinntiú go mbíonn tuiscint léir ghlan ag gach comhalta den Údarás ar na bearta agus ar na cinntí príomhthábhachtacha ra bhaineann leis an eintiteas agus ar ábhar suntasach baoil a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar cheangal díreach caidrimh idir an Údarás agus lucht bainistíochta an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

## Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar obair agus freagrachtaí an Údaráis amach san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, ina luaitear chomh maith na nithe sin nach féidir ach an tÚdarás cinneadh a dhéanamh ina leith. Ar na réimsí oibre a bhíonn ar chlár oibre an Údaráis lena meas go rialta, áirítear:

- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/bainistíochta cuntais,
- tuairiscí ar chúrsaí feidhmíochta (ráitis straitéiseacha),
- clár riosca,
- staitisticí.

Ceanglaítear faoi Alt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 ar an Údarás de Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Údarás an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó, agus
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi Alt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Is ar an Údarás a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Is é an tÚdarás atá freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Rinneadh measúnú ar fheidhmíocht an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine i gcomórtas leis an bplean bliantúil agus leis an mbuiséad an 18 Samhain 2020.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an tÚdarás go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine léiriú cuí ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine amhail an 31 Nollaig 2020.



## Struchtúr an Údaráis

Tá an tÚdarás comhdhéanta de Chathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí atá ceaptha ar fad ag an Aire Dlí agus Cirt. Ceapadh comhaltaí an Údaráis ar feadh tréimhse ceithre bliana agus tháinig siad le chéile sé huaire le linn na bliana 2020. Leagtar amach sa tábla thíos mioneolas faoi thréimhsí ceapacháin na gcomhaltaí reatha:

| Comhalta Údaráis | Ról | Dáta a Ceapadh/a hAthcheapadh | Dáta Éaga an Cheapacháin |
|---|---|---|---|
| Geraldine Clarke | Cathaoirleach | *28/11/2016 | 27/11/2020 |
| Paul Mooney | Comhalta | *28/11/2016 | 27/11/2020 |
| Edward Carey | Comhalta | *28/11/2016 | 27/11/2020 |
| Muiris O'Ceidigh | Comhalta | *28/11/2020 | - |
| Aideen Hayden | Comhalta | *28/11/2020 | - |
| Hilary Griffey | Comhalta | *28/11/2020 | - |
| Ella Dunphy | Comhalta | 15/04/2019 | - |
| Gordon Hughes | Comhalta | 15/04/2019 | - |
| Emer Byrne | Comhalta | 15/04/2019 | - |
| Orla Moran | Comhalta | 15/04/2019 | - |
| Martin McDermott | Comhalta | 04/06/2019 | D'éirigh as an 24/06/2020 |

Rinneadh athbhreithniú inmheánach ar an Údarás in 2020.

Tá dhá choiste curtha ar bun ag an Údarás mar seo a leanas:

1. **Coiste Iniúchóireachta agus Riosca:** atá comhdhéanta de bheirt de chomhaltaí an Údaráis agus beirt chomhaltaí neamhspleácha. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ná tacaíocht a thabhairt don Údarás maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú, rialachas agus dearbhú ina leith sin. Tá an CIR neamhspleách ar lucht bainistíochta airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste, go háirithe, a chinntiú go mbíonn monatóireacht á déanamh go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialála inmheánacha, na bearta iniúchóireachta san áireamh. Tuairiscíonn an CIR chuig an Údarás i ndiaidh gach cruinnithe.

   Is iad baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ná: An Dr. Muiris O'Ceidigh (Cathaoirleach), Hilary Griffey Uasal, Therese Carolan Uasal (neamhspleách) agus an tUasal David Salter (Ceaptha 26/05/2020) (neamhspleách) Tháinig téarma ceapacháin an Uasail Myles O Reilly ar an ARC chun deiridh an 13/05/2020. Bhí 4 chruinniú ag an ARC in 2020.

2. **Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh:** comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Údarás.

   Tá Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh comhdhéanta de thriúr comhaltaí den Údarás: Hilary Griffey Uasal, An Dr. Aideen Hayden agus An Dr. Muiris O'Ceidigh. Déanann an Coiste Comhairleach iarratais ar dheontais don Chiste Cúitimh a mheas agus déanann sé moladh chun éilimh a leagtar faoi bhráid an Údaráis a dheonú, a dheonú i bpáirt nó a dhiúltú. Tháinig an Coiste le chéile 2 uair i rith na bliana, ar an 4 Meán Fómhair, 2020 agus ar an 18 Samhain, 2020, nuair a rinneadh trí éileamh don Chiste a mheas.

## Sceideal maidir le cúrsaí Tinrimh, Táillí agus Costais

Leagtar amach thíos sceideal do fhreastal ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2020 lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

| | An Bord<br>6 | Coiste an Chiste Cúitimh<br>2 | Coiste Iniúchta agus Riosca<br>4 | Táillí 2020<br>€ | Caiteachas 2020<br>€ |
|---|---|---|---|---|---|
| Geraldine Clarke | 6 | | | 8,230 | - |
| Paul Mooney | 6 | | | 5,486 | - |
| Edward Carey | 6 | | | 5,486 | 54 |
| Muiris O'Ceidigh | 6 | 2 | 4 | - | - |
| Aideen Hayden | 6 | 2 | | 5,985 | - |
| Hilary Griffey | 5 | 2 | 4 | 5,985 | - |
| Ella Dunphy | 6 | | | 5,985 | 1,237 |
| Gordon Hughes | 5 | | | 5,985 | - |
| Emer Byrne | 6 | | | - | - |
| Orla Moran | 6 | | | 5,985 | 50 |
| Martin McDermott | 3 | | | - | - |
| Therese Carolan | | | 2 | - | - |
| David Salter | | | 3 | 1,132 | - |
| Myles O Reilly | | | 1 | - | - |
| | | | | **50,259** | **1,341** |

Bhí triúr comhaltaí den Údarás, An Dr. Muiris O'Ceidigh, Emer Byrne Uasal and an tUasal Martin McDermott, nach bhfuair táillí Boird de réir phrionsabal an Aon Tuarastail Amháin don Aon Duine Amháin (OPOS).

Tháinig córam den Bhord le chéile trí huaire breise in 2020 chun dhá Thuarascáil Deiridh Imscrúdaithe a bhreithniú. Comhalta Boird: Tháinig Emer Byrne Uasal, Orla Moran Uasal, an tUasal Edward Carey, an tUasal Gordon Hughes agus An Dr. Muiris O'Ceidigh le chéile uair amháin chun ceann de na Tuarascálacha Deiridh Imscrúdaithe a mheas. Tháinig córam eile de chomhaltaí Boird: An Dr. Muiris O'Ceidigh, an tUasal Paul Mooney, Ella Dunphy Uasal, Hilary Griffey Uasal agus An Dr. Aideen Hayden, le chéile chun an dara Tuarascáil Deiridh Imscrúdaithe a bhreithniú. Tháinig na comhaltaí le chéile faoi dhó leis an Tuarascáil seo a mheas. Táthar ag leanúint ar aghaidh leis an dá chás faoi láthair.

### Athruithe ar Phríomhphearsana

D'éirigh comhalta amháin as an mBord i mí an Mheithimh 2020. Tháinig téarma oifige Chathaoirleach an Údaráis agus bheirt chomhaltaí an Údaráis chun deiridh i mí na Samhna 2020. Bhí na folúntais seo fós gan líonadh ar an 31 Nollaig 2020.



### Nochtuithe a Éilítear faoi Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ceanglais Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Éilítear na nochtuithe a leanas faoin gCód:

### Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Áirítear i Nóta 4 (b) – Miondealú ar shochair fostaithe - tábla ina ndéantar miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe.

### Costais Chomhairleoireachta

Áirítear le costais chomhairleoireachta an costas a ghabhann le comhairle sheachtrach ar an lucht bainistíochta agus ní thugtar feidhmeanna ghnáthdhéanamh an ghnó seachfhoinsithe san áireamh.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Comhairle dlí | 19,070 | 36,288 |
| Iomlán | **19,070** | **36,288** |

### Costais agus Socraíochtaí Dlí

Sa tábla thíos léirítear miondealú ar shuimeanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le socraíochtaí, imeachtaí comhréitigh agus eadrána i ndáil le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsítear caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ginearálta dlí a fuair an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine agus a nochtar sna costais Chomhairleoireachta thuas.

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Táillí Dlí - imeachtaí dlí | 165,018 | 133,070 |
| Iomlán | **165,018** | **133,070** |

### Costais Taistil agus Cothabhála

Déantar costais taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| In Éirinn | | |
| - An Bord | 1,341 | 1,066 |
| - Fostaithe | 5,415 | 21,753 |
| Iomlán | **6,756** | **22,819** |

### Caiteachas Fáilteachais

Luaitear caiteachas ar fháiltiúlacht mar seo a leanas sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais:

| | 2020<br>€ | 2019<br>€ |
|---|---|---|
| Fáilteachas an Bhoird | - | 1,100 |
| Iomlán | **-** | **1,100** |

### Ráiteas faoi Chúrsaí Comhlíontais

Tá an Cód Cleachtais maidir le Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an Údarás agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine ag comhlíonadh go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) do 2020.

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:
Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach:
Dáta: 28/05/2021

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaím an fhreagracht atá ar an Údarás a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú san Údarás. Glactar san áireamh sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Cuspóir an Ráitis ar Rialú Inmheánach

Tá an córas rialála inmheánach leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm

Tá an tÚdarás sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige, réasúnach agus cuí i ndáil le himthosca an Údaráis ag féachaint dá mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus cineál a chuid oibríochtaí. Ach mar sin féin, ní thugann na córais agus ní féidir leis na córais, deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharacha.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016 glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

## An Acmhainn déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Údarás agus beirt chomhaltaí seachtracha. I mo Chathaoirleach ar an Údarás, táim sásta gur urscaoil an ARC a ról go héifeachtach le ceithre chruinniú tionólta in 2020.

Tá beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an Údarás.

Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt a chomhlíonann feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoi fhormhaoirseacht an Choiste Iniúchta ar Vóta 24 (Dlí agus Ceart). Is é ról Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Déanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile san Údarás gach bliain.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhar leis an Ardbhainistíocht. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Tugtar mioneolas sa chlár rioscaí ar na bearta rialála agus na gníomhartha eile is gá chun rioscaí a mhaolú agus luaitear an dualgas maidir leis na bearta rialála a dhéanamh le daoine sonracha den lucht foirne. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó,
- freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, Soláthraíonn Rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí TFC don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. I mí Feabhra 2020, chuir siad ráiteas dearbhaithe ar fáil inar leagadh amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm an tráth sin. Rinneadh iniúchadh inmheánach sa bhliain 2018 ar an gcóras TFC a chuir an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, aithníodh saincheisteanna ar ábhar imní iad maidir leis an gcóras a bhí i bhfeidhm agus tugadh moltaí don Rannán TFC le dul i ngleic leo. Tá roinnt maith de na moltaí seo fós le réiteach ar an 31 Nollaig 2020, agus is ábhar imní sin don Údarás. Cuireann An Post córas iarratais ceadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post i mí Feabhra 2020 maidir le slándáil agus rialuithe an chórais de réir mar a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2020. Tá comhaontú leibhéal seirbhíse i bhfeidhm le An Post.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le measúnú agus íocaíochtaí as an gciste cúitimh.

Cuireadh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe laistigh den eagraíocht in oiriúint chun rioscaí a bhaineann leis na srianta a cuireadh i bhfeidhm san ionad oibre de dheasca Covid-19 a mhaolú.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá Doiciméad Rialaithe Inmheánaigh i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, ar doiciméad é ina sainaithnítear na rioscaí don Údarás, na rialuithe atá i bhfeidhm agus na nósanna imeachta tuairiscithe agus faireacháin.

Déanann an tÚdarás na mórchinntí straitéiseacha agus tagann sé le chéile ag eatraimh tráthrialta chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an lucht bainistíochta feidhmiúcháin ach de réir an údaráis a tharmligeann an tÚdarás chucu chun éifeacht a thabhairt do bheartais agus do chinntí an Údaráis.

Rinneadh lámhleabhar mionsonraithe nós imeachta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. Nuair is féidir, déantar dualgais foirne a dheighilt go cuí agus na rioscaí atá ann an líon teoranta foirne á gcur san áireamh.

Deimhním go bhfuil na córais faireacháin leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Sainaithníodh príomhrioscaí agus príomhrialuithe agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh a thuairisciú,
- Tá nósanna imeachta foirmiúla ann maidir le gach cineál earra agus seirbhís a cheannach, maidir le sonraisc a cheadú i ndáil le hearraí agus seirbhísí agus maidir le híocaíocht a údarú i ndáil le hearraí agus seirbhísí.
- Déanann an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin athbhreithnithe go tráthrialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina gcuirtear an fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid/réamhaisnéisí.
- Tagann nósanna imeachta an Údaráis maidir le rialú airgeadais agus rialuithe eile faoi réir athbhreithniú bliantúil ag an Aonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt. Déanann Coiste Iniúchta na Roinne Dlí agus Cirt athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.

## Dearbhuithe

### *Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide*

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as an tseirbhís chomhroinnte tacaíochta TFC a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil. Tá Comhaontú Leibhéil Seirbhíse ann leis an Roinn i ndáil leis an tseirbhís TFC agus tá socruithe i bhfeidhm chun cúltaca a ullmhú i leith chórais ÚRSM. Cuireadh doiciméad dearbhaithe ar fáil ó Bhainistíocht agus Teicneolaíocht Faisnéise

na Roinne Dlí agus Cirt maidir le rialuithe a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2020.

Cuireann An Post córas iarratais ceadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Chuir an córas ar líne go mór le héifeachtúlacht agus éifeachtacht an phróisis ceadúnais. Fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post maidir le slándáil agus rialuithe an chórais atá ann. Tá comhaontú leibhéal seirbhíse i bhfeidhm le An Post.

*Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte*

Baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as na seirbhísí comhroinnte airgeadais a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil. Fuarthas litir dearbhaithe ón Roinn Dlí agus Cirt maidir le rialuithe i dtaca le soláthar seirbhísí comhroinnte.

Ina theannta sin, baineann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine leas as seirbhísí comhroinnte de chuid an Ionaid Seirbhísí Comhroinnte Párolla (PSSC) atá á riar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an tseirbhís sin cumhdaithe faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse atá ann idir an PSSC agus an Roinn.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine na nósanna imeachta sin sa bhliain 2020.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Maidir le hobair an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine i ndáil le faireachán agus athbhreithniú ar an gcóras rialaithe iniúchta inmheánaigh, tá sé bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus na n-iniúchóirí seachtracha, ar obair an Coiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann formhaoirseacht ar obair na n-iniúchóirí sin agus ar obair an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach i ndáil leis an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020. Tá an tÚdarás sásta, a mhéid is indéanta, gur córais éifeachtacha iad na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a bunaíodh agus a cuireadh chun feidhme san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

**Nochtadh Mionsonraí faoi Chásanna inar tharla Sáruithe ar Rialú**

Níor sainaithníodh aon laigí sa bhliain 2020 maidir le rialuithe inmheánacha ar laigí iad ar gá nochtadh a dhéanamh ina leith sna ráitis airgeadais.

**Nochtadh Mionsonraí faoi Chaillteanais Ábhartha nó faoi Chalaois**

Níl aon ábhair chalaoise le tuairisciú don bhliain 2020.

An tUasal Michael Quinlan
Cathaoirleach



# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

*Tuairim ar na ráitis airgeadais*

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir fhorálacha alt 22 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais cuntasaíochta suntasacha.

Is é mo thuairim,

- go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar airgead a fuair nó a chaith an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine sa bhliain 2020 agus
- go bhfuil an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020 de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais.

*An bonn atá leis an tuairim*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

***Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile***

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhar áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

**Colette Drinan**
**Do agus thar ceann**
**An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**31 Bealtaine 2021**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

*Freagrachtaí an Údaráis*

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi alt 22 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart ar airgead a fuarthas nó a caitheadh sa bhliain 2020, agus ar an staid airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020 de réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach sna ráitis airgeadais
- oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

*Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Éilítear orm faoi alt 22 den Acht ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh
- amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

*Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

*Tuairisciú ar ábhair eile*

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid cuntasaíochta leordhóthanacha ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 2 | 2,400,860 | 2,558,359 |
| Acmhainní dílse | 3 | 2,238,426 | 2,298,568 |
| **Ioncam Iomlán** | | **4,639,286** | **4,856,927** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais foirne | | 1,451,543 | 1,470,059 |
| Riarachán, Oibríochtaí agus cur chun cinn | 5 | 955,913 | 1,113,273 |
| Táille iniúchta | | 13,710 | 12,600 |
| Dímheas | | 71,854 | 68,333 |
| **Caiteachas iomlán** | | **2,493,020** | **2,664,265** |
| | | | |
| **Barrachas don bliain roimh leithreasuithe** | | **2,146,266** | **2,192,662** |
| | | | |
| Aistriú ón gCuntas Caipitil | 7 | 71,854 | 68,333 |
| Curtha ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt | 1(b) | (2,210,000) | (2,250,000) |
| | | | |
| Barrachas don bhliain tar éis leithreasuithe | | 8,120 | 10,995 |
| Barrachas a tugadh ar aghaidh amhail an 1 Eanáir | | 105,404 | 94,409 |
| **Barrachas a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | | **113,524** | **105,404** |

**Áirítear gnóthachain agus caillteanais a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 15.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 28/05/2021

## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Maoin innealra agus trealamh | 6 | 113,439 | 180,459 |
| | | | |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | | 128,658 | 123,433 |
| Fardail | | | 26,928 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | 9 | 19,679 | 19,216 |
| | | **185,928** | **169,577** |
| | | | |
| Dliteanais reatha | | | |
| Suimeanna Iníoctha agus fabhruithe | 10 | 72,404 | 64,173 |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | **113,524** | **105,404** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **226,963** | **285,863** |
| | | | |
| **A Ionadaíonn do** | | | |
| Cuntas Caipitil | 7 | 113,439 | 180,459 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | 113,524 | 105,404 |
| | | **226,963** | **285,863** |

**Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 15.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 28/05/2021

## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| Glan-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Barrachas Oibriúcháin don bhliain | 8,120 | 10,995 |
| Dímheas ar mhaoin, fearas agus trealamh | 71,854 | 68,333 |
| Glanaistriú chuig cuntas caipitil | (67,020) | (56,247) |
| (Ardú) ar fhardail | (10,663) | (10,756) |
| (Ardú)/ Laghdú ar infháltais agus réamhíocaíochtaí | (463) | 11,430 |
| Ardú/ (Laghdú) ar shuimeanna iníoctha agus fabhruithe | 8,231 | (521) |
| | | |
| **Insreabhadh airgid nua ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | **10,059** | **23,234** |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí chun maoin, fearas agus trealamh a fháil | (4,834) | (12,086) |
| | | |
| **Méadú ar Airgead tirim agus coibhéisí Airgid thirim** | **5,225** | **11,148** |
| | | |
| **Ráiteas maidir le hathruithe i nglanchistí** | | |
| Glanchistí amhail an 1 Eanáir 2020 | 123,433 | 112,285 |
| Glanchistí amhail an 31 Nollaig 2020 | 128,658 | 123,433 |
| Glan-Bharrachas ar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim | 5,225 | 11,148 |

**Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go dtí 15.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 28/05/2021

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1. Beartais Chuntasaíochta

*a)* Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais cuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

*b) **Faisnéis Ghinearálta***

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá an cheannoifig lonnaithe ag Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh, Co. Na Mí, C15 K7PY. Is iad a leanas príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a leagtar amach in Alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- Clár na gCeadúnaithe a Chothabháil;
- Riachtanais cáilíochtaí agus riachtanais eile a fhorfheidhmiú
- Caighdeáin a fhorfheidhmiú, caighdeáin theicniúla agus caighdeáin eitice chuí san áireamh;
- An Ciste a Riaradh;
- Córán imscrúdúcháin i dtaobh ceadúnaithe a riaradh;
- Mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe a dheimhniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Na Cóid Chleachtais a chur chun cinn;
- An tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le ceadúnaithe a bheith ag soláthar seirbhísí maoine ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí phraghsanna díola maoine cónaithe a fhoilsiú;
- Bunachar na Léasanna Tráchtála a Chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile tugtha dó ag aon fhoráil den Acht nó in aon achtachán eile nó ag rialacháin a ndéantar faoin Acht nó aon achtachán eile a chomhlíonadh.

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PBE) é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Déantar na táillí ceadúnas a ghineann an tÚdarás a íoc isteach sa Státchiste agus ansin déanann an Státchiste foráil airgeadais don Údarás. Deirtear in Alt 25(3) den Acht go mbeidh an méid iomlán de na táillí a ghearrtar go bliantúil faoin Acht seo, ag leibhéal chomh gar agus is féidir, ag cur bliain amháin le bliain eile, ionann leis an gcaiteachas iomlán a thabhaítear go bliantúil i ndáil leis an Acht seo a riar. In 2020, d'íoc an tÚdarás €2,210,000 ar an Státchiste agus fuair sé foráil airgeadais €2,405,694 (féach nóta 2)

Ceanglaítear faoi Alt 77(1) den Acht ar an Údarás ciste ar a dtugtar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riar agus a chothabháil. Ullmhaítear agus iniúchtar cuntais an Chiste ar leithligh de réir sceidil 6 den Acht.

*c) **Bunús na cuntasaíochta***

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach thíos, agus san foirm a fhaomhfaidh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

*d) **Ioncam***

Ioncam a aithnítear sna ráitis airgeadais faoi dheontas Oireachtais arbh ionann é agus maoiniú a cuireadh ar fáil don Údarás trí Vóta na Roinne Dlí agus Cirt a dhéanann gach íocaíocht thar ceann an Údaráis. Meaitseálann ioncam deontais an Oireachtais agus ioncam a cuireadh i bhfeidhm maidir le caiteachas caipitil an tsuim a chuirtear in aghaidh chuntais leithreasa na Roinne.

Déantar an t-ioncam ón táille ceadúnais a áireamh ar iarratas ceadúnais a fháil. Cuirtear ioncam ó tháillí ceadúnais ar ais chuig an Roinn Dlí agus Cirt uair sa ráithe. Déantar é a thaifeadadh mar leithreasaí i gcabhair i gcuntais de chuid na Roinne. Coinníonn an tÚdarás iarmhéid ina chuid cuntas chun táillí a aisíoc.

*e) **Caiteachas***

Déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe próiseáil ar chaiteachas ar fad lena n-áirítear párolla agus taifeadtar ar bhonn fabhruithe é sna ráitis airgeadais.

Tá gach ball d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt. Déanfar dliteanas pinsin d'fhoireann den sórt sin a sheasamh as Vóta 12 Aoisliúntas agus níl aon fhoráil déanta i ndáil leis na costais seo sna ráitis airgeadais.

*f) **Maoin, Innealra agus Trealamh***

Léirítear maoin, innealra agus trealamh ar an nglanluach leabhair ar dháta an aistrithe chuig an Údarás.

Déantar dímheas ar mhaoin, innealra agus trealamh ar bhonn líne dírí thar a saol úsáideach measta ag tosú sa chéad mhí a gcuirtear an tsócmhainn i bhfeidhm.

| | |
|---|---|
| Troscán | 10% de réir na líne dírí |
| Crua-earraí agus Bogearraí TF | 20% de réir na líne dírí |
| Trealamh Oifige | 20% de réir na líne dírí |

*g) **Fardail***

Aithnítear fardail atá comhdhéanta d'earraí nach bhfuil le hathdhíol ag an gcostas is ísle de chostas agus an glanluach inréadaithe (NRV). Déantar costas a ríomh ar bhonn is túisce isteach is túisce amach (FIFO) agus áirítear gach costas ceannaigh. Is é NRV an praghas díola (iarmhír nó measta) lúide gach costas breise riachtanach lena thabhairt chun críche.

*h) **Cuntas Caipitil***

Is ionann an cuntas caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear do chaiteachas caipitil.

*i) **Sochair d'Fhostaithe***

Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'caiteachas' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

Sochair Scoir

Is státseirbhísigh iad fostaithe an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine agus tá siad ina gcomhaltaí de scéim sochair shainithe neamh-mhaoinithe agus déanann an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim a riaradh.

Rinneadh dlí d'Acht na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012 an 28 Iúil 2012 agus leis sin tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('An Scéim Aonair') a tháinig i bhfeidhm an 01 Eanáir 2013. Tá gach ball foirne den Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, a bheadh ag obair san earnáil phoiblí den chéad uair, ar nó i ndiaidh an 01 Eanáir 2013 ina chomhalta ar an Scéim Aonair.

Níl aon mhuirear sna ráitis airgeadais d'aon dliteanas a d'fhéadfadh eascairt as sochair scoir an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine.

## 2 Deontas Oireachtais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Fo-cheannteidil A11 de Vóta 24 - Dlí agus Ceart | 2,400,860 | 2,558,359 |

I dteannta dheontas an Oireachtais, cuireadh suim €4,835 ar fáil don Údarás chun críocha caiteachas caipitiúil.

## 3 Acmhainní Dílse

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam faighte ó tháillí ceadúnais | 2,317,850 | 2,362,854 |
| Lúide aisíocaíochtaí | (82,867) | (75,000) |
| Ioncam Ilchineálach | 3,443 | 10,714 4 |
| **Ioncam Iomlán** | **2,238,426** | **2,298,568** |

Ní mór do Cheantálaithe, gníomhairí eastáit, gníomhairí ligin agus gníomhairí bainistíochta a bheith ceadúnaithe agus rialáilte ag an Údarás. Tá táillí ceadúnais le híoc gach bliain. Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 le toiliú ón Aire Dlí agus Cirt rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. San Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Ceadúnúchán) Rialacháin 2012 leagtar amach an táille a bhaineann le ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan: fostóir seirbhísí maoine €1,000, conraitheoir neamhspleách €1,000 agus príomhoifigeach nó fostaí €100.

## 4. Tuarastail

### (a) *Sochar Comhiomlán d'Fhostaithe*

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Pá agus tuarastail | 1,444,787 | 1,447,240 |
| Taisteal agus cothabháil | 6,756 | 22,819 |
| Iomlán | 1,451,543 | 1,470,059 |

D'fhostaigh an tÚdarás 30.8 ball foirne buana coibhéis lánaimseartha in 2020 (2019: 29.8) agus níor fostaíodh ball foirne sealadach ar bith in 2020 (2019: 6).

Ní raibh aon ró-íocaíochtaí ann amhail an 31 Nollaig 2020 ná an 31 Nollaig 2019.

### (b) *Miondealú ar Shochair d'Fhostaithe*

| Raon de Shochair d'Fhostaithe Iomlána | | Líon na bhFostaithe | |
|---|---|---|---|
| Ó | Go | 2020 | 2019 |
| €60,000 | €69,999 | 1 | 1 |
| €70,000 | €79,999 | 1 | 1 |
| €80,000 | €89,999 | - | - |
| €90,000 | €99,999 | - | - |
| €100,000 | €109,999 | 1 | 1 |

Tabhair ar Aird: Chun críocha an nochta seo, áirítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile déanta thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

### (c) *Luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh*

Ba €103,126 (€100,697 in 2019) luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020. Rinneadh íocaíochtaí Taistil agus Cothabhála €186 (€3,897 in 2019) leis an bPríomhfheidhmeannach i gcomhréir le rátaí na Státseirbhíse.

Ní théann teidlíochtaí pinsin an Phríomhfheidhmeannaigh thar na teidlíochtaí caighdeánacha i scéim aoisliúntais shainithe na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ar an bPríomhfheidhmeannach in 2020.

## 5 Riarachán, Oibríochtaí agus Cur chun cinn

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird[1] | | 50,873 |
| Postas agus teileachumarsáid | 68,069 | 59,092 |
| Innealra oifige agus soláthairtí eile oifige | 97,490 | 101,618 |
| Glantachán oifige agus cothabháil | 9,630 | 39,182 |
| Solas agus Teas | 8,548 | 11,816 |
| Táillí dlí | 184,088 | 169,358 |
| Margaíocht agus Cur Chun Cinn | 183,048 | 180,806 |
| Táillí Fiosrúcháin | 240,597 | 336,266 |
| Táillí bainc agus ceadúnúcháin | 35,650 | 37,502 |
| Foilseacháin agus Tuarascálacha | 6,579 | 33,272 |
| Costais ghinearálta | | 78,033 |
| Táillí cuntasaíochta | 7,454 | 15,455 |
| | **955,913** | **1,113,273** |

**Tabhair ar Aird:** [1]Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an 3 Aibreán 2012. Áirítear miondealú ar na táillí a íocadh ar chomhaltaí boird aonair in 2020 sa ráiteas rialachais ar na ráitis airgeadais seo.

## 6 Maoin, Innealra agus Trealamh

| | TF | Trealamh Oifige | Troscán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 348,925 | 31,843 | 25,325 | 406,093 |
| Suimeanna Breise | - | 4,834 | - | 4,834 |
| Diúscairt | - | (13,909) | - | (13,909) |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | 348,925 | 22,768 | 25,325 | 397,018 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2020 | 178,401 | 30,703 | 16,530 | 225,634 |
| Gearrtha le linn na bliana | 69,785 | 470 | 1,599 | 71,854 |
| Diúscairt | - | (13,909) | - | (13,909) |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | 248,186 | 17,264 | 18,129 | 283,579 |
| **Glanluach Leabhair:** | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | **100,739** | **5,504** | **7,196** | **113,439** |
| | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2019 | 170,524 | 1,140 | 8,795 | 180,459 |

## 7 Cuntas Caipitil

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | 180,459 | 232,616 |
| Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní | (71,854) | (68,333) |
| Suimeanna Breise | 4,834 | 12,086 |
| Gluaiseachtaí Eile | - | 4,090 |
| | **113,439** | **180,459** |

## 8 Fardail

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 24,655 | 21,028 |
| Fótachóipeáil / TF | 10,332 | 4,288 |
| Earraí Ilghnéitheacha | 2,604 | 1,612 |
| | **37,591** | **26,928** |

## 9 Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí | 19,679 | 19,216 |
| | **19,679** | **19,216** |

Tá gach infháltas dlite laistigh de bhliain amháin.

## 10 Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe

| | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Suimeanna Iníoctha agus Fabhruithe | 72,404 | 64,173 |
| | **72,404** | **64,173** |

Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha.

## 11 Áitreabh Tobhach Pinsin

Is iad na costais tuarastail a n-áirítear sa chuntas seo costais chomhlána an Údaráis don tréimhse. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn asbhaintí tobhaigh pinsin, de réir Alt 2(3) den Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 (Uimh. 5 de 2009). Coinnítear mar Leithreasaí-i-gcabhair don Roinn sin iad agus b'ionann iad agus €30,144 (2019: €35,985).

## 12 Áitreabh

Tá ceannoifig an Údaráis lonnaithe ag Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh, Co. na Mí, C15 K7PY agus chun gearáin a fhiosrú, ón oifig lonnaithe in Cearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath, D02 TD99. Cuireann Oifig na nOibreacha Poiblí an dá oifig ar fáil saor in aisce.

## 13 Dliteanais Theagmhasacha

Tá an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine páirteach i roinnt cásanna dlí ag deireadh na bliana airgeadais. Níl an tÚdarás ábalta meastachán iontaofa a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar thoradh ar na cásanna seo.

## 14 Idirbhearta Le Páirtí Gaolmhar / Nochtadh Leasanna


Is iad atá i bPríomhphearsanra Bainistíochta ná an Príomhfheidhmeannach agus comhaltaí an Údaráis. Ba ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí chomhaltaí an Údaráis agus luach saothair iomlán an Phríomhfheidhmeannaigh agus €153,385 (2019: €151,562).

Comhlíonann an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Údaráis agus a fhoirne. Tá nósanna imeachta foirmiúla ann lena chinntiú go gcomhlíonfar an ceanglas seo den chód. Ní raibh aon idirbheartaíochtaí ann le páirtithe gaolmhara sa bhliain 2020.

## 15 Na ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh Údarás an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na ráitis airgeadais seo an 24 Bealtaine 2021.

# Aguisín 2
# Ráitis Airgeadais
## Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine
## Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020





## Clár Ábhair


| | LEATHANACH |
|---|---|
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis | 62 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 63 - 64 |
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 65 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas | 66 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020 | 67 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 | 68 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 69 - 70 |

## Ráiteas maidir le Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Ceanglaítear faoi Alt 22(2) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 ar an Údarás de Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i gcibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Dlí agus Cirt le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar Údarás an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó, agus
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme, faoi réir ag aon imeacht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a íoctar isteach sa Chiste Cúitimh agus eisíocaíochtaí ón gCiste Cúitimh, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas faoi shreabhadh airgid agus clár comhardaithe, de réir sceidil 6 (7) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá an tÚdarás freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin:
Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach:
Dáta: 28/05/2021

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Scóip na Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, admhaím an fhreagracht atá ar an Údarás a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú san Údarás. Glactar san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

### Cuspóir an Ráitis ar Rialú Inmheánach

Tá an córas rialála inmheánach leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

### Rialuithe Inmheánacha atá i bhFeidhm

Tá an tÚdarás sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm aige, réasúnach agus cuí i ndáil le himthosca an Údaráis ag féachaint dá mhéid, leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus cineál a chuid oibríochtaí. Ach mar sin féin, ní thugann na córais agus ní féidir leis na córais, deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharacha.

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016 glactha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

### An Acmhainn déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá comhdhéanta de bheirt chomhaltaí Údaráis agus beirt chomhaltaí seachtracha. I mo Chathaoirleach ar an Údarás, táim sásta gur urscaoil an ARC a ról go héifeachtach le ceithre chruinniú tionólta in 2020.

Tá beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm athbhreithnithe agus comhaontaithe ag an Údarás.

Is é an tAonad Iniúchta Inmheánaigh sa Roinn Dlí agus Cirt a chomhlíonann feidhm Iniúchta Inmheánaigh an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine faoi fhormhaoirseacht an Choiste Iniúchta ar Vóta 24 (Dlí agus Ceart). Is é ról Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt dearbhú neamhspleách a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm ar fud an Vóta.

Déanann Aonad Iniúchta Inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt iniúchadh ar rialuithe airgeadais agus ar rialuithe eile san Údarás gach bliain.

### Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, i gcomhar leis an Ardbhainistíocht. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne shonracha. Deimhníonn an tÚdarás go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de:

- tá doiciméadú á dhéanamh ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach ann,

- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, Soláthraíonn Rannán TFC na Roinne Dlí agus Cirt seirbhísí TFC don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. I mí Feabhra na bliana 2020, chuir siad ráiteas dearbhaithe ar fáil inar leagadh amach na próisis rialaithe a bhí i bhfeidhm an tráth sin. Rinneadh iniúchadh inmheánach sa bhliain 2018 ar an gcóras TFC a chuir an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil don Údarás Rialála Seirbhísí Maoine, aithníodh saincheisteanna ar ábhar imní iad maidir leis an gcóras a bhí i bhfeidhm agus tugadh moltaí don Rannán TFC le dul i ngleic leo. Tá roinnt maith de na moltaí seo fós le réiteach ar an 31 Nollaig 2020, rud a chuireann imní ar an Údarás. Cuireann An Post córas iarratais ceadúnais ar líne ar fáil trí Licences.ie thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine. Fuarthas doiciméad dearbhaithe ó An Post i mí Feabhra 2020 maidir le slándáil agus rialuithe an chórais de réir mar a bhí i bhfeidhm i rith na bliana 2020. Tá comhaontú leibhéal seirbhíse i bhfeidhm le An Post.
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta rialaithe ann maidir le measúnú agus íocaíochtaí as an gciste cúitimh.

Cuireadh gnéithe áirithe den timpeallacht rialaithe laistigh den eagraíocht in oiriúint chun rioscaí a bhaineann leis na srianta a cuireadh i bhfeidhm san ionad oibre de dheasca Covid-19 a mhaolú.

## Ciste Cúitimh

Rinne an tÚdarás an Ciste Cúitimh a árachú chun aghaidh a thabhairt ar an riosca go bhféadfadh éileamh suntasach aonair in aon bhliain amháin laghdú suntasach a chur ar an gciste cúitimh.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte soláthair reatha á gcomhlíonadh. Tugtar ábhair a eascraíonn as rialuithe ar sholáthar chun solais faoi shaincheisteanna rialaithe inmheánaigh thíos.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha, an Coiste Iniúchóirí agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, na hiniúchóirí seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhním gur thug an tÚdarás faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020.

Tá an tÚdarás muiníneach, a mhéid is indéanta, gur córais éifeachtacha iad na córais rialaithe inmheánaigh airgeadais a bunaíodh agus a cuireadh i bhfeidhm san Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

**Soláthar Neamhchomhlíontach**

Tabhaíodh €141,960 i gcaiteachas le linn 2020 maidir le seirbhísí árachais nuair nach raibh na nósanna imeachta a cuireadh i bhfeidhm ag cloí leis na treoirlínte soláthair. Ba mar gheall ar thar-rolladh conartha a bhí ann cheana é sin. Bronnadh an conradh seo ar dtús i mí Dheireadh Fómhair 2017 i ndiaidh dhá iarratas ar thairiscintí nár éirigh leo sa mhéid is nach bhfuarthas aon tairiscintí cuí.

Níl sé i gceist ag an Údarás tabhairt faoi chomórtas nua do sheirbhísí árachais go ceann tamaill.

Thar ceann chomhaltaí an Údaráis

An tUasal Míchael Quinlan, Cathaoirleach:
Dáta: 28/05/2021





# Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine

***Tuairim ar na ráitis airgeadais***

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine arna n-ullmhú ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 faoi réir fhorálacha sceidil 6 (8) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais cuntasaíochta suntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas ceart

- ar na hidirbhearta ar an gCiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine 2020, agus
- an t-iarmhéid den Chiste an 31 Nollaig 2020.

***An bonn atá leis an tuairim***

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bunús a chur le mo thuairim.

***Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile***

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith le ráitis airgeadais an Chiste curtha i láthair ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine. Cuimsítear leis sin ráiteas um fhreagrachtaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhar áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

**Colette Drinan**
**Do agus thar ceann**
**An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**31 Bealtaine 2021**

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

*Freagrachtaí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine*

Sa ráiteas um fhreagrachtaí leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi sceideal 6 (7) den Acht

- a chinntiú go gcuireann na ráitis airgeadais idirbhearta an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine don bhliain agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana i láthair i gceart
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

*Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Éilítear orm faoi sceideal 6(8) den Acht ráitis airgeadais an Chiste a iniúchadh agus tuairisciú ina leith chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu atá sé mar thoradh ar chalaois nó earráid a shainaithint agus a mheas; nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le, i measc ábhair eile, scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

*Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

*Tuairisciú ar ábhair eile*

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do bhreithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid cuntasaíochta leordhóthanacha ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

## Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Ranníocaíochtaí leis an gCiste | 2 | 559,950 | 572,650 |
| Ús Taisce faighte | 2 | 4,726 | 4,712 |
| **Ioncam Iomlán** | | **564,676** | **577,362** |
| | | | |
| **Caiteachas** | | | |
| Árachas | | 141,960 | 129,570 |
| Cáin Choinneála ar Ús Taisce | | 1,560 | 1,649 |
| Bronntaí cúitimh | 3 | 3,900 | 23,373 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **147,420** | **154,592** |
| | | | |
| Barrachas don bhliain | | 417,256 | 422,770 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir 2020 | | 3,935,528 | 3,512,758 |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 31 Nollaig 2020** | | **4,352,784** | **3,935,528** |

**Áirítear gnóthachain agus caillteanais a aithníodh sa bhliain sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 8.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 28/05/2021

## Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | 4 | 4,235,184 | 3,966,405 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid | 5 | 117,600 | 112,560 |
| Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí | | **4,352,784** | **4,078,965** |
| | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Suimeanna Iníoctha agus fabhruithe | 6 | - | 143,437 |
| | | **-** | **143,437** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **4,352,784** | **3,935,528** |
| | | | |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **4,352,784** | **3,935,528** |
| | | | |
| **A Ionadaíonn do** | | | |
| Ciste Cúitimh | | 4,352,784 | 3,935,528 |
| | | **4,352,784** | **3,935,528** |

**Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 8.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 28/05/2021

## Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

| Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|
| Ioncaim breise thar chaiteachas | 417,256 | 422,770 |
| (Ardú) ar infhháltais | (5,040) | (11,130) |
| (Laghdú)/Méadú ar shuimeanna iníoctha | (143,437) | 133,596 |
| **Glan-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 268,779 | 545,236 |
| | | |
| **Méadú ar airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | 268,779 | 545,236 |
| | | |
| Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail an 1 Eanáir 2020 | 3,966,405 | 3,421,169 |
| | | |
| Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail an 31 Nollaig 2020 | 4,235,184 | 3,966,405 |

**Is cuid dhílis de na ráitis airgeadais seo iad na nótaí 1 go dtí 8.**

Thar ceann an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Maeve Hogan Uas., Príomhoifigeach Feidhmiúcháin: Dáta: 28/05/2021

An tUasal Michael Quinlan, Cathaoirleach: Dáta: 28/05/2021

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020

## 1. Beartais Chuntasaíochta

*(a)* Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais chuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an gCiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine leagtha amach thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasta iad i rith na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

***(b) Faisnéis Ghinearálta***

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Tá an cheannoifig lonnaithe ag Foirgnimh na Mainistreach, Bóthar na Mainistreach, An Uaimh, Co. Na Mí, C15 K7PY.

Is iad a leanas príomhchuspóirí an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine mar a leagtar amach in Alt 11 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011:

- Ceadúnais a eisiúint agus a athnuachan;
- Clár na gCeadúnaithe a Chothabháil;
- Riachtanais cáilíochtaí agus riachtanais eile a fhorfheidhmiú
- Caighdeáin a fhorfheidhmiú, caighdeáin theicniúla agus caighdeáin eitice chuí san áireamh;
- An Ciste a Riaradh;
- Córán imscrúdúcháin i dtaobh ceadúnaithe a riaradh;
- Mion-smachtbhannaí nó mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe;
- Iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun mór-smachtbhannaí a fhorchur ar cheadúnaithe a dheimhniú;
- Feasacht an phobail a chur chun cinn agus faisnéis a scaipeadh ar an bpobal i ndáil le seirbhísí maoine;
- Na Cóid Chleachtais a chur chun cinn;
- An tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí maidir le ceadúnaithe a bheith ag soláthar seirbhísí maoine ag ceadúnaithe agus cuidiú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin;
- Sonraí phraghsanna díola maoine cónaithe a fhoilsiú;
- Bunachar na Léasanna Tráchtála a Chothabháil; agus
- Aon fheidhmeanna eile tugtha dó ag aon fhoráil den Acht nó in aon achtachán eile nó ag rialacháin a ndéantar faoin Acht nó aon achtachán eile a chomhlíonadh

Is Eintiteas Leasa Phoiblí (PBE) é an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine.

Ceanglaítear faoi Alt 77(1) den Acht ar an Údarás ciste ar a dtugtar an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú, a riar agus a chothabháil. Ullmhaítear agus iniúchtar cuntais an Chiste ar leithligh de réir sceidil 6 den Acht.

***(c) Bonn ullmhúcháin***

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine de réir na mbeartas cuntasaíochta a leagtar amach thíos, agus san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Dlí agus Cirt le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***(d) Aithint Ioncaim***

Tuairiscítear ranníocaíochtaí leis an gCiste, ús faighte ar an gCiste agus dámhachtainí cúirte ar an gCiste ar bhonn fáltas airgid.

***(e) Barrachas ar an gCiste***

Éilítear i gcomhréir le hAlt 77(3) go mbeadh iarmhéid nach lú ná €2 milliún ar agus ceithre bliana i ndiaidh dháta a bhunaithe.

***(f) Aithint Caiteachais***

Aithnítear bronntaí cúitimh mar chaiteachas nuair atá an tÚdarás sásta gur thabhaigh cliant de chuid an cheadúnaí caillteanas mar thoradh ar mhímhacántacht ó thaobh an cheadúnaí sin, nó aon daoine eile atá ag feidhmiú thar a cheann / a ceann, a bhainfeadh le soláthar seirbhísí maoine.

Tuairiscítear muirir Dirt ar bhonn airgid.

Tugtar cuntas ar gach caiteachas eile ar bhonn fabhruithe

## 2. Ioncam Ciste Cúitimh

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ranníocaíochtaí leis an gCiste | 559,950 | 572,650 |
| Ús taisce faighte | 4,726 | 4,712 |
| | **564,676** | **577,362** |

Rinne an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a tugadh dó faoi alt 95 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 le toiliú ón Aire Dlí agus Cirt rialacháin a tháinig i bhfeidhm an 30 Bealtaine 2012. San Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Ciste Cúitimh) Rialacháin 2012 leagtar amach an ranníocaíocht atá le déanamh ag duine i mbun iarratais do cheadúnas nó i mbun ceadúnas a athnuachan i ndáil leis an gCiste; fostóir seirbhísí maoine €200, conraitheoir neamhspleách €200 agus príomhoifigeach nó fostaí €50.

## 3. Bronntaí cúitimh

Rinneadh bronntaí ar fiú €3,900 san iomlán iad as an gCiste i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020 (2019: €20,636), I dteannta sin, ní raibh bronnadh ar bith gan íoc fós ag deireadh na bliana 2020 (2019: €2,737), atá curtha san áireamh i bhfabhruithe i nóta 6 thíos.

## 4. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| An Post: | 3,247,651 | 3,144,485 |
| Cuntais Bainc Tráchtála | 987,533 | 821,920 |
| | 4,235,184 | 3,966,405 |

## 5. Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Réamhíocaíochtaí | 117,600 | 112,560 |

## 6. Suimeanna Iníoctha agus fabhruithe

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Creidiúnaithe | - | 140,700 |
| Fabhruithe | - | 2,737 |
| | - | 143,437 |

## 7. Bronntaí - Teagmhas

Bhí 7 éileamh ar chúiteamh idir lámha ag an Údarás nach raibh cinneadh déanta ag an Údarás ina leith amhail an 31 Nollaig, 2020, (31 Nollaig 2019: 79 éileamh ar chúiteamh idir lámha).

Bhíothas ag feitheamh ar chinneadh ón mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine maidir le 6 chás san iomlán a cuireadh faoina bhráid amhail an 31 Nollaig 2020.

Níl an tÚdarás ábalta meastachán iontaofa a dhéanamh ar an tionchar airgeadais a d'fhéadfadh a bheith i gceist mar thoradh ar na cásanna seo.

## 8. Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh Údarás an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine na ráitis airgeadais seo an 24 Bealtaine 2021.

## Notaí

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**
Foirgnimh na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí
C15 K7PY

**Teileafón:** (046) 9033800
**Facs:** (046) 9033888
**Teileafón:** info@psr.ie
**Láithreán Gréasáin:** www.psr.ie